



COMHAIRLE
CHONTAE
LOCH GARMAN



TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL

2014

Íomhánna clúdaigh © 2014 Cartlann, **Cumann Grianghrafadóireachta Údaráis Áitiúla Loch Garman**

Imeachtaí 2013 ó bhun go barr:

1. Ag obair ar "Brooklyn" in mBaile Inis Córthaidh - Bealtaine 2014
2. Ceolchoirm Room to Record in Ionad na Toirbhearta, Inis Córthaidh - Samhain 2014
3. Laureate na nÓg le hEoin Colfer i dTeach Solais Rinn Duáin - Samhain 2014
4. Seoladh oifigiúil na hOifige Fiontair Áitiúla leis an Aire Risteárd de Briotún - Bealtaine 2014
5. Anne Doyle ag tabhairt óráide ag bronnadh na dteastas d'Imeachtaí Thóstail i Loch Garman - Bealtaine 2014

Íomhánna de Cheannáras Chomhairle Contae Loch Garman © **Andrew Lee Photographer**

Dearadh agus cuireadh i gcló an Tuarascáil Bhliantúil seo go himhneánach i gCeannáras Chomhairle Contae Loch Garman. Dearadh & leagan amach © **Brian McDonald**

COMHAIRLE CHONTAE LOCH GARMAN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014



RÁITEAS MISIN

"Is é ár misean forbairt eacnamaíoch, sóisialta, cultúir agus comhshaoil an chontae a stiúradh agus seirbhísí d'ardchaighdeán a sholáthar ag an leibhéal áitiúil. Bainfidh an Chomhairle leas as na hacmhainní go léir atá ar fáil agus oibreofar i gcomhar le daoine eile chun dul i ngleic le heasnamh bonneagair a chuireann bac ar fhorbairt eacnamaíoch an chontae.

Tá an Chomhairle tiomanta do phobail inbhuanaithe láidir a chruthú, a mbeidh oideachas níos fearr orthu agus a mbeidh deiseanna fostaíochtaí níos fearr ann do gach duine sa chontae.

Cuirfimid Contae Loch Garman chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar áit chun cuairt a thabhairt air agus chun infheistiú ann."



OIFIGÍ AGUS UAIRE OSCAILTE**AN CEANNÁRAS:**

Halla an Chontae,
An Charraig Leathan,
Loch Garman.

Teileafón: **053 919 6000**

Ríomhphost: **postmaster@wexfordcoco.ie**

Suíomh Idirlín: **www.wexford.ie**

**GNÁTHUAIREANTA OIFIGE:****9.00 A.M. – 5.00 P.M.****CEANTAR BUIRGE LOCH GARMAN**

Bóthar Spawell, Loch Garman.

Teil: 053 91 66900

wexfordborough@wexfordcoco.ie

CEANTAR BARDASACH GHUAIRE

Cearnóg an Phobail, An Ascaill, Guaire, Contae Loch Garman.

Teil: 053 94 83800

gorey@wexfordcoco.ie

OIFIG CEANTAIR INIS CÓRTHAIDH

An Clós Innealraí, Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Contae Loch Garman.

Teil: 053 92 32300

COMHIOSTA LOCH GARMAN

Eastát Tionscail an Mhuilinn Bháin, Loch Garman.

Teil: 053 919 6340

CEANTAR BARDASACH INISCÓRTHAIDH

Cearnóg an Mhargaidh, Inis Córthaidh, Contae Loch Garman.

Teil: 053 92 33540

enniscorthy@wexfordcoco.ie

CEANTAR BARDASACH ROS MHIC THRIÚIN

An Tholsel, Ros Mhic Thriúin, Contae Loch Garman.

Teil: 051 421284

newross@wexfordcoco.ie

OIFIG CEANTAIR ROS MHIC THRIÚIN

Sráid na Prióireachta, Ros Mhic Thriúin, Contae Loch Garman.

Teil: 051 421300

SEIRBHÍS 24 UAIR AN CHLOIG – I GCÁSANNA ÉIGEANDÁLA AGUS SIN AMHÁIN – 1890 666 777**DUMPÁIL MHÍDHLEATHACH**

Saorghlao:

1800 DUMPED (1800 386733)

BRIOGÁID DÓITEÁIN – GACH AONAD

999 nó 112

CLÁR NA NÁBHAR

Oifigí agus Uaire Oscailte	1
Réamhrá an Chathaoirligh	3
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	4
Comhaltaí Chomhairle Chontae Loch Garman	5
An tAcht um Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh 1999	7
Ballraíocht ar Choistí	8
Ballraíocht ar Chomhlachtaí Eile	10
Comhdhálacha ar freastalaíodh orthu in 2014	12
Costais na gComhaltaí	13
Pleanáil	14
Forbairt Eacnamaíoch	17
Bóithre agus Iompar	22
Seirbhísí Uisce	25
Sláinte agus Sábháilteacht	26
Tithíocht	28
Pobal	32
Leabharlanna agus na hEalaíona	35
An Comhshaol	36
Úsáid Fuinnimh in 2014	39
Na Seirbhísí Dóiteáin	40
Cosaint Shibhialta	43
Acmhainní Daonna	45
Seirbhísí Tréidliachta	47
Eile	48
Airgeadas	50
2014 Achoimre ar Chuntais Deiridh	53
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	55
Ceantar Buirge Loch Garman	58
Ceantar Bardasach Inis Córtaidh	61
Ceantar Bardasach Ghuaire	64
Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin	66
Táscairí Seirbhíse	68

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH



**An Clr.
Malcolm Byrne**
Cathaoirleach

A Chara,

Bhí mé an-sásta gur toghadh mé mar Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae Loch Garman i ndiaidh na dToghchán Áitiúla in 2014. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Iar-Chathaoirleach agus do na comhaltaí a bhí ar an gComhairle as a gcuid oibre ar fhorbairt réimsí áirithe sa chontae.

Bhain mé an-sult as an dúshlán a bheith ar an gcéad Chathaoirleach leis an gComhairle nua os rud é go bhfuil an struchtúr athraithe agus dhá leibhéal nua cinnteoireachta i gceist anois leis. Oibreoidh na Ceantair Bhardasacha go cinnte chun rialtas áitiúil a thabhairt níos gaire do na pobail ar a mbítear ag freastal agus seirbhísí a mheaitseáil agus freastal ar na riachtanais áitiúil ar shlí níos praiticiúla. Mar Chathaoirleach ar an gComhairle Chontae stiúrfaidh mé na comhaltaí eile ina ról straitéiseach don chontae in iomlán as seo amach.

Ar na réimsí éagsúla ar díriodh orthu in 2014 bhí bunú an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail, cuideoidh sin go cinnte le grúpaí áitiúla chun níos mó teacht a bheith acu ar sheirbhísí na comhairle. Ba léir go raibh ról níos mó againn i gcur chun cinn na forbartha eacnamaíoch sa chontae sna ceardlanna, sna himeachtaí meantóireachta gnó agus sna himeachtaí oiliúna gnó a d'eagraigh an Oifig Fiontair Áitiúil le linn na bliana.

Lean an Chomhairle freisin ag cur na seirbhísí go léir ó lá go lá ar fáil ar shlí ghairmiúil agus tá béim níos mó á chur ar sheirbhís do chustaiméirí.

Táimse an-sásta a bheith ag freastal ar mhuintir Loch Garman i mo ról agus táim muiníneach go mbeidh ar chumas na Comhairle nua anois, go háirithe, agus na leasuithe go léir a tharla le linn na bliana, freastal níos fearr a dhéanamh ar gach pobal áitiúil sa chontae as seo amach.

An Comhairleoir Malcolm Byrne
Cathaoirleach

RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



**An tUasal
Tom Enright**
Príomhfheidhmeannach

Ba bhliain an-spleodrach ar fad a bhí ann domsa mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Chontae Loch Garman. Bhí Toghcháin Áitiúla ar siúl i rith na bliana agus cuireadh cuid de na leasuithe is mó ó chuathas i mbun an Rialtais Áitiúil in Éirinn i bhfeidhm i mbliana freisin.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh buíochas a ghabháil leis an gComhairle roimhe seo as a gcuid tacaíochta le linn mo chéad bhliana i Loch Garman. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na gcomhaltaí nuathofa agus táim ag súil go mór oibriú leo le linn a dtéarma le Comhairle Chontae Loch Garman.

Faoi Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 cuireadh athruithe ar struchtúr bunúsach an rialtais áitiúil in Éirinn tráth ar díscaoileadh Comhairlí Baile agus ar tugadh isteach Ceantair Bhardasacha. Comhaltaí na gCeantar Bardasach iomchuí a dhéanann ionadaíocht ar gach aon Toghcheantar Áitiúil anois ag an leibhéal áitiúil agus bíonn an Chomhairle Chontae fhoriomlán comhdhéanta de na comhaltaí sin agus táthar níos straitéisí ó thaobh feidhmeanna anois.

Ceadófar leis an struchtúr sin go dtabharfar deis do na daoine áitiúla agus do na pobail áitiúla a ndéanann na comhaltaí ionadaíocht dhíreach orthu cinntí a dhéanamh. Threisigh forbairt an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí tuilleadh an nasc idir Chomhairle Chontae Loch Garman agus grúpaí pobail áitiúla. Tá 300 grúpa pobail cláraithe faoi láthair le PPN Loch Garman.

Athrú amháin eile a tugadh isteach le hAcht 2014 gur bunaíodh Coistí Áitiúla Forbartha Pobail i mí Iúil. Tá an coiste seo comhdhéanta de 17 comhalta ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon. Beidh an LCDC freagrach go príomha as maoiniú forbartha áitiúil agus pobail a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú.

Síneadh ról na comhairle ó thaobh forbairt eacnamaíoch leis na leasuithe sin freisin agus éascaíodh leis an bhfeidhm tábhachtach de thacaíocht eacnamaíoch le lánpháirtiú na nOifigí Fiontair Áitiúla sa Chomhairle Chontae. Fágfaidh sin go bhféadfar gnéithe uile sheirbhísí na comhairle a úsáid chun cuidiú le fiontar agus iad a mhealladh chuig an gContae agus féadfar comhoibriú níos fearr a chinntiú idir gníomhartha seachadta áitiúla freisin.

Is é an aidhm ar deireadh atá leis na leasuithe sin go léir cur leis an leibhéal daonlathais atá againn ag an leibhéal áitiúil agus ba chóir go mbeadh sin mar chuidiú do na pobail ar fud an chontae. Nuair a bhreathnaím chun cinn feicim Comhairle Chontae Loch Garman ag cothú naisc níos dlúithe leis na daoine ar a mbítear ag freastal.

An tUasal Tom Enright
Príomhfheidhmeannach

COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE LOCH GARMAN



An Clr. Malcolm Byrne
Cathaoirleach



An Clr. Oliver Walsh
Leas-Chathaoirleach

CEANTAR BUIRGE LOCH GARMAN



An Clr. Fergie Kehoe
Fianna Fáil



An Clr. Deirdre Wadding
Pobal Seachas Brabús
Páirtí an Chomhaontais



An Clr. Frank Staples
Fine Gael



An Clr. Anthony Kelly
Sinn Féin



An Clr. Ger Carthy
Gan Pháirtí



An Clr. George Lawlor
Páirtí an Lucht Oibre



An Clr. Jim Moore
Fine Gael



An Clr. Davy Hynes
Gan Pháirtí



An Clr. Tony Dempsey
Fianna Fáil



An Clr. Mick Roche
Sinn Féin

CEANTAR BARDASACH INIS CÓRTHAIDH



An Clr. James Browne
Fianna Fáil



An Clr. John O' Rourke
Gan Pháirtí



An Clr. Kathleen Codd-Nolan
Fine Gael



An Clr. Oliver Walsh
Fine Gael



An Clr. Keith Doyle
Fianna Fáil



An Clr. Paddy Kavanagh
Fine Gael



An Clr. Johnny Mythen
Sinn Féin



An Clr. Barbara-Anne Murphy
Fianna Fáil

COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE LOCH GARMAN

CEANTAR BARDASACH GHUAIRE



An Clr. Mary Farrell
Gan Pháirtí



An Clr. Anthony Donohoe
Fine Gael



An Clr. John Hegarty
Fine Gael



An Clr. Malcolm Byrne
Fianna Fáil



An Clr. Robert Ireton
Páirtí an Lucht Oibre



An Clr. Joe Sullivan
Fianna Fáil



An Clr. Fionntán Ó Súilleabháin
Sinn Féin



An Clr. Pip Breen
Fianna Fáil

CEANTAR BARDASACH ROS MHIC THRIÚIN



An Clr. Larry O' Brien
Fine Gael



An Clr. Michael Whelan
Fianna Fáil



An Clr. Oisín O' Connell
Sinn Féin



An Clr. Martin Murphy
Gan Pháirtí



An Clr. Michael Sheehan
Fianna Fáil



An Clr. Willie Fitzharris
Fine Gael



An Clr. Anthony Connick
Gan Pháirtí



An Clr. John Fleming
Fianna Fáil

AN TACHT UM SÍNTIÚIS AGUS CAITEACHAS A NOCHTADH 1999

Éilíonn Alt 13 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999 nach mór don iarrathóir nó duine ainmnithe i bpáirtí polaitíochta ráiteas i scríbhinn a thabhairt dá n-údarás áitiúil, de na caiteachais toghcháin go léir a tabhaíodh i ndáil le toghchán áitiúil, laistigh de 90 lá díreach tar éis an lae vótaíochta i dtoghchán.

Bíonn ar iarrthóir nach n-éireoidh leis/léi mionsonraí a sholáthar i ndáil le gach síntiús os cionn €600 a fuarthas. Éilítear le hAlt 13 d'Acht 1999 freisin nach mór do ghníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta ráiteas de chaiteachas toghcháin a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an t-údarás áitiúil sonraithe d'fhonn sin.

Faoi Alt 19 (4) d'Acht 1999 ní mór faisnéis áirithe a bheith san áireamh i dtuarascáil bhliantúil an údarais áitiúil i ndáil leis na ráitis arna soláthar in 2014 faoi Alt 13 agus seo mar a leanas a bhfuil i gceist:

(4) Tuarascáil bhliantúil den údarás áitiúil arna ullmhú de réir Alt 221 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, i ndáil leis an bhliain ina reáchtálar an toghchán áitiúil, agus ba chóir go mbeidh na mionsonraí a leanas san áireamh ann:

(a) an caiteachas toghcháin comhiomlán i ndáil le gach iarrthóra, duine ainmnithe, tríú páirtí agus gníomhaire náisiúnta, agus

(b) síntiúis a fuarthas i ndáil le gach iarrthóra, duine ainmnithe, tríú páirtí agus gníomhaire náisiúnta,

Mar a bhíonn san áireamh sna ráitis agus sna dearbhuithe a thugtar de bhun Alt 13.

NOCHTADH SÍNTIÚIS & CAITEACHAS NA N-IARRTHÓIRÍ

Ainm	Costais Iomlána	Síntiúis
Allen Jim	€5,490.00	
Breen Pip	€4,643.72	€700.00
Browne James	€7,885.38	€2,526.68
Byrne Malcolm	€3,317.00	
Carthy Ger	€5,200.00	
Codd - Nolan Kathleen	€2,774.23	
Connick Anthony	€2,365.00	
Crowdle Paul	€1,500.00	
Dempsey Tony	€4,290.50	
Donohoe Anthony	€2,063.82	
Doyle Keith	€6,369.13	
Dunbar Owen	€200.90	€200.00
Dunphy Bobby	€390.00	
Dwyer John	€2,460.00	
Fallon Donal	€588.00	
Farrell Mary	€2,014.17	€2,526.68
Fenlon Mark	€1,050.00	
FitzGibbon Niamh	€2,876.55	
Fitzharris Willie	€3,437.15	
Fleming John	€2,934.86	€1,100.00
Forde Danny	€2,166.92	
Furness Victor	€1,650.00	
Gaughan Dominick	€2,756.25	
Hegarty John	€1,750.00	
Hynes David	€2,627.85	€1,220.00
Ireton Robert	€7,848.57	
Johnstone Jane	€1,375.50	€1,375.50
Kavanagh Paddy	€4,080.00	
Kavanagh Willie	€4,093.38	
Keegan Darren	€1,995.00	
Kehoe Fergie	€5,779.02	
Kelly Anthony	€1,772.00	
Kelly Ivan	€1,210.00	
Kelly Leonard	€620.00	
Kennedy Denis	€2,687.95	
Kinsella Michael	€2,464.16	
Lacey Sandra	€1,805.65	
Lacy O'Meara Áine	€2,873.27	
Lawlor Do Do	€650.00	€200.00
Lawlor George	€1,800.00	
Lloyd David	€550.00	
McManus Cormac	€1,550.00	
Molloy Alan	€2,350.61	
Moore Jim	€3,031.36	
Moran Annette	€1,375.60	
Mullen Bernie	€1,480.00	€100.00
Murphy Barbara - Anne	€3,926.83	
Murphy Martin	€8,905.07	
Mythen Johnny	€3,682.95	
Nugent Gavin	€143.24	
O'Suilleabháin Fionntán	€3,750.45	€1,000.00
O'Brien Larry	€2,245.00	
O'Brien Seamus	€672.95	
O'Connell Oisín	€2,873.75	
O'Hanlon Paul	€395.00	
O'Rourke John	€1,266.45	
Owens Jackser	€2,500.00	
Redmond Jack	€6,234.34	
Roche Mick	€1,465.00	
Ryan Joe	€1,660.00	
Sheehan Michael	€9,765.00	
Somers Oliver	€5,066.25	
Staples Frank	€4,262.50	
Storey Martin	€4,074.86	
Sullivan Joe	€3,244.36	
Wadding Deirdre	€1,302.69	
Wallace Brian	€4,601.00	
Walsh Oliver	€3,289.96	
Whelan Michael	€4,028.12	
Whitty Pat	€2,580.80	

BALLRAÍOCHT AR CHOISTÍ

CATHAOIRLEACH

An Comhairleoir Malcolm Byrne

LEAS-CATHAOIRLEACH

An Comhairleoir Oliver Walsh

AN GRÚPA UM BEARTAS CORPARÁIDEACH

An Comhairleoir Fergie Kehoe
An Comhairleoir Larry O'Brien
An Comhairleoir Michael Sheehan
An Comhairleoir Jim Moore

COMHALTAÍ NA GCOISTÍ UM BEARTAS STRAITÉISEACH:

SPC Tithíocht, Pobail agus Comhshaoil

An Cathaoirleach – An Comhairleoir Fergie Kehoe
An Comhairleoir John Fleming
An Comhairleoir David Hynes
An Comhairleoir Mary Farrell
An Comhairleoir Anthony Kelly
An Comhairleoir John O'Rourke
An Comhairleoir Ger Carthy
An Comhairleoir Fionntán Ó Súilleabháin
An Comhairleoir Joe Sullivan
An Comhairleoir Oliver Walsh

An Piléar Feirmeoireachta - James Brennan

Ceardchumann - Ciaran Scallan

SPC Iompar agus Seirbhísí Uisce

An Cathaoirleach – An Comhairleoir Larry O'Brien
An Comhairleoir Michael Whelan
An Comhairleoir Mick Roche
An Comhairleoir James Browne
An Comhairleoir Anthony Connick
An Comhairleoir Pip Breen
An Comhairleoir Deirdre Wadding

Gnó/Tráchtáil - Brendan Crowley

An Tionscal Tógála - Michael Bennett

Ceardchumann - Declan Roche

SPC Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar

An Cathaoirleach – An Comhairleoir Michael Sheehan
An Comhairleoir Kathleen Codd Nolan
An Comhairleoir George Lawlor
An Comhairleoir John Hegarty
An Comhairleoir Johnny Mythen
An Comhairleoir Barbara Anne Murphy
An Comhairleoir Keith Doyle
An Comhairleoir Frank Staples
An Comhairleoir Paddy Kavanagh
An Comhairleoir Martin Murphy

An Piléar Feirmeoireachta - Sam Rose

An Tionscal Tógála - John Doyle

An Earnáil Gnó / Tráchtála - Ernest Levingstone, Karl Fitzpatrick

Ceardchumann - Caroline Beale

SPC Pleanáil agus Rialú Foirgnimh

An Cathaoirleach - An Comhairleoir Jim Moore
An Comhairleoir Oisín O'Connell
An Comhairleoir Willie Fitzharris
An Comhairleoir Robert Ireton
An Comhairleoir Anthony Donohoe
An Comhairleoir Malcolm Byrne
An Comhairleoir Tony Dempsey

An Piléar Feirmeoireachta - Edward Lyng

An Tionscal Tógála - Anthony Neville

Coiste Comhairleach don Lucht Siúil Áitiúil (Cóiríocht)

An Comhairleoir Joe Sullivan
An Comhairleoir Paddy Kavanagh
An Comhairleoir Larry O'Brien
An Comhairleoir Robert Ireton
An Comhairleoir Deirdre Wadding
An Comhairleoir Malcolm Byrne (Ex- Officio)
Margaret Kelly
Mary Connors
Mary Helen Wall

An Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe

An Comhairleoir Martin Murphy
 An Comhairleoir Robert Ireton
 An Comhairleoir Fergie Kehoe
 An Comhairleoir Frank Staples
 An Comhairleoir Oliver Walsh
 An Comhairleoir Malcolm Byrne (Ex-Officio)
 John Redmond
 Mike Reddy
 Matt Murphy
 Barry Deane
 Geraldine McCarthy
 Donal Doyle
 John Donohoe

An Coiste Iniúchta

Bernard Doyle (An Cathaoirleach)
 Anne O'Brien
 Mary Browne
 An Comhairleoir Anthony Connick (MCC)
 An Comhairleoir Joe Sullivan (MCC)

Is mian leis an gComhairle ómós a thabhairt don choiste iniúcháireachta atá ag dul as oifig: Ronan Furlong (RIP), Seamus O'Beirne, James Byrne, An Clr. Martin Murphy agus an Clr. Kathleen Codd-Nolan, a bhí ar choiste tionscnaimh Chomhairle Contae Loch Garman ar feadh 6 bliana, i ndiaidh do Choistí Iniúcháireachta a bheith tugtha isteach ag leibhéal Rialtais Áitiúil.

Is le fíor-bhrón a chuala foireann agus bainistíocht Chomhairle Contae Loch Garman faoi bhás anabái Ronan Furlong, cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta. Ar dheis Dé Go raibh a anam.

BALLRAÍOCHT DE CHOMHLACHTAÍ EILE 2014 -COMHALTAÍ TOFA

AN COMHTHONÓL RÉIGIÚNACH

An Comhairleoir Pip Breen
An Comhairleoir Larry O'Brien
An Comhairleoir Oliver Walsh

IRISH PUBLIC BODIES MUTUAL INSURANCES

An Comhairleoir James Browne

BORD OILIÚNA OIDEACHAIS

An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy
An Comhairleoir Mary Farrell
An Comhairleoir Kathleen Codd-Nolan
An Comhairleoir Jim Moore
An Comhairleoir Malcolm Byrne
An Comhairleoir Ger Carthy
An Comhairleoir Fionntán Ó' Súilleabháin

AN COISTE PRÓTACAL

An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy
An Comhairleoir Michael Sheehan
An Comhairleoir Jim Moore
An Comhairleoir Anthony Donohoe
An Comhairleoir Mary Farrell
An Comhairleoir Johnny Mythen (An Méara ex-officio)

WEXFORD HERITAGE TRUST LTD.

An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy
An Comhairleoir Oliver Walsh

IONTAOBHAS DHÚN CHANÁIN

An Comhairleoir Willie Fitzharris
An Comhairleoir Martin Murphy

HOOK HERITAGE LTD.

An Comhairleoir Larry O'Brien
An Comhairleoir Michael Whelan

WATERWORLD BHAILE NA CÚIRTE

An Comhairleoir Mary Farrell
An Comhairleoir Joe Sullivan

WEXFORD MONUMENT TRUST LTD.

An Comhairleoir John Fleming
An Comhairleoir Larry O'Brien

CAISLEÁN FHIADH ARD

An Comhairleoir Michael Whelan
Cllr. Martin Murphy

CUMANN CHOMHALTAÍ NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

An Comhairleoir Paddy Kavanagh

AN COISTE ÁITIÚIL FORBARTHA POBAIL

An Comhairleoir Tony Dempsey
An Comhairleoir Michael Sheehan
An Comhairleoir Anthony Donohoe
An Comhairleoir Kathleen Codd-Nolan

AN COISTE MONATÓIREACHTA COMHSHAOIL

An Comhairleoir Pip Breen
An Comhairleoir Oliver Walsh

AN COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

An Comhairleoir Joe Sullivan
An Comhairleoir John Fleming
An Comhairleoir Fergie Kehoe
An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy
An Comhairleoir Willie Fitzharris
An Comhairleoir Larry O'Brien
An Comhairleoir Jim Moore
An Comhairleoir Kathleen Codd-Nolan
An Comhairleoir Oliver Walsh
An Comhairleoir Ger Carthy
An Comhairleoir Anthony Connick
An Comhairleoir Anthony Kelly
An Comhairleoir Davy Hynes
An Comhairleoir George Lawlor
An Comhairleoir Mick Roche
An Comhairleoir Michael Whelan
An Comhairleoir Davy Hynes

AILG (TOSCAIRE BUAN)

An Comhairleoir Jim Moore

AILG (TOSCAIRÍ A BHFUIL VÓTA ACU)

An Comhairleoir Larry O'Brien
An Comhairleoir James Browne

FÓRAM SLÁINTE RÉIGIÚNACH (AN DEISCEART)

An Comhairleoir Joe Sullivan
An Comhairleoir James Browne
An Comhairleoir Frank Staples
An Comhairleoir George Lawlor

CEANTAR BUIRGE LOCH GARMAN

An Coiste Prótacal

An Comhairleoir Tony Dempsey
An Comhairleoir Jim Moore
An Comhairleoir Anthony Kelly
(An Méara ex-officio)

An Coiste Nasctha

An Comhairleoir Frank Staples
An Comhairleoir George Lawlor
An Comhairleoir Fergie Kehoe
(An Méara ex-officio)

Coiste Pharáid na Féile Pádraig

An Comhairleoir Anthony Kelly
An Comhairleoir Fergie Kehoe
An Comhairleoir Ger Carthy
(An Méara ex-officio)

COMHDHÁLACHA AR FREASTALAÍODH ORTHU IN 2014

COMHDHÁLACHA AR FREASTALAÍODH ORTHU IN 2014

An Dáta in 2014	An Chomhdháil	Dunie/ Daoine
10/11 Eanáir	Ag Forbairt agus Ag Tacú le Fiontair go hÁitiúil, Gaillimh	1
24/25 Eanáir	Mar a fhéadann Comhairleoirí Rochtain a dhéanamh ar Dheontas i gCabhair do Phobail – An Clár	2
25 Eanáir	Gradaim LAMA - Seantrabh, Baile Átha Cliath	1
31 Eanáir/1 Feabhra	Seimineár an Earraigh LAMA, Muineachán	1
14/16 Feabhra	Seimineár Oiliúna - Cead Pleanála don Phróiseas agus don Chomhalta Tofa – Port Laoise	1
14/16 Feabhra	Reachtaíocht faoi Bhainistiú Dramhaíola, Cairlinn, Contae Lú	1
21/23 Feabhra	Scoil Gheimhridh Cholm Cille, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall	1
21/23 Feabhra	Ginealas – Eolas a chur ar an gCrann Teaghlaigh - Luimneach	1
28 Feabhra / 1 Márta	Buiséid & Maoiniú Údaráis Áitiúla – Loch Garman	1
6/7 Márta	ACCC – Comhdháil Bhliantúil 2014 – An Cabhán	4
7/9 Márta	Piolóin & Feirmeacha Gaoithe – Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall	3
11/12 Márta	Scileanna Meán do Chomhairleoirí – Contae Dhún na nGall	1
4/5 Aibreán	Pleanáil don Scor do Chomhairleoirí – Dún Dealgan, Contae Lú	1
10 Aibreán	Oifig na nOibreacha Poiblí – Comhdháil faoi Bhainistiú ó Bhaol Thuilte – Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath	1
11/12 Aibreán	Seirbhís Ealaíon an Rialtais Áitiúil - Gaillimh	1
18/20 Aibreán	5 Seachtain go dtí na Toghcháin Áitiúla 2014 – Leitir Ceanainn	1
26 Meitheamh	Cúrsa Insealbhathe do Chomhairleoirí – Óstán an Silversprings, Corcaigh	14
18 Iúil	Comhdháil Dhubhghlas de hÍde, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin	1
9/13 Meán Fómhair	Dinnéar i Nua-Eabhrac chun leasa Féile Ceoldráma Loch Garman	1
16 Meán Fómhair	Clár Oiliúna do Chomhairleoirí – Airgeadas - Ceatharlach	15
26 Meán Fómhair	Ag baint an méid leasa agus is féidir as Deis Beartas Comhtháite na hÉireann agus Réigiúin á gCruthú don Todhchaí – OÉ, Maigh Nuad, Contae Chill Dara	1
16 Deireadh Fómhair	Clár Oiliúna do Chomhairleoirí – Tithíocht – An tAonach Contae Thiobraid Árann	7
15/15 Deireadh Fómhair	Comhdháil AOIFE, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe	2
11/12 Deireadh Fómhair	Iontaobhas Cuimhneacháin Thiobraid Árann – Tiobraid Árann	1
17/18 Deireadh Fómhair	Seimineár Oiliúna an Fhómhair – LAMA – Bun Cranncha, Contae Dhún na nGall	3
21 Deireadh Fómhair	Clár Oiliúna AILG Tithíocht – An Cabhán	1
29/30 Deireadh Fómhair	29/30 Deireadh Fómhair	6
6 Samhain	Clár Oiliúna do Chomhairleoirí – Pleanáil – Loch Garman	9
5/6 Nollaig	Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí – Tithíocht & Rialtas Áitiúil - Contae Cheatharlach	2
12/13 Nollaig	An tAcht um Nochtadh Cosanta – Cathair na Gaillimhe	1

COSTAIS AGUS AISCÍ NA GCOMHALTAÍ

COSTAIS NA GCOMHALTAÍ	€
Liúntais Bhliantúla	
Cathaoirleach	32,196.04
Leas-Chathaoirleach	8,552.32
Cathaoirligh SPC	27,000.00
Íocaíochtaí Ionadaíocha	471,514.26
Costais na gComhairleoirí	179,253.18
Comhdhálacha/ Seimineáir	
Ag Baile	23,169.86
Thar Lear	5,144.24
Costais Siamsaíochta	8,174.67
Iomlán	730,004.47*

* Áirítear leis seo an figiúr comhiomlán do na comhaltaí nua agus na seanchomhaltaí ar an gcomhairle don bhliain Eanáir - Nollaig 2014

AISCÍ NA GCOMHALTAÍ TOFA 2014	
Ainm	Aisce
Padge Reck	€57,480.22
Pat Codd	€50,811.46
Lorcan Allen	€49,793.15
Anna Fenlon	€47,711.92
Denis Kennedy	€47,709.92
Sean Doyle	€39,540.61
Ted howlin	€36,398.79
Declan McPartlin	€33,292.13
Michael D'Arcy	€26,213.80
John Dwyer	€16,669.15
Sean Connick	€9,814.31
Bernard Crosbie	€1,430.91
Patricia Quinn	€942.23
Iomlán	€417,808.60

PLEANÁIL

Bainistiú Forbartha

Tháinig ardú ar an líon bliantúil iarratas pleanála a fuarthas i gComhairle Chontae Loch Garman den chéad uair ó 2006. Ó bhí 2006 ann lean an laghdú ar an líon iarratas pleanála a fuarthas bliain i ndiaidh bliana. B'ionann an líon iomlán iarratas a fuarthas in 2014 agus 1,059 (ardú de 6% ar 2013). Sin athrú a fháiltítear roimhe ón treocht a bhí ann roimhe sin.

Facthas arduithe freisin san Rannóg Pleanála ar fhiigiúirí sheirbhísí do chustaiméirí, na nithe seo a leanas san áireamh:

- 11,694 fiosrúchan teileafóin freagartha.
- 3,628 duine den phobal chomh fada leis an gcuntar.
- Rinneadh 671 iarratas ar chomhairle réamhphleanála, agus b'ionann an meántréimhse feithimh agus 15 lá.
- Rinneadh 921 cinneadh, agus tugadh cead pleanála in 89% de na cásanna.

Ag Pleanáil Chun Cinn

Cuireadh Plean Inis Córthaidh chun cinn chuig comhairliúchán poiblí agus ullmhaíodh tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus cuireadh i láthair na gcomhaltaí é lena mbreithniú ag tús 2014. Chinn na comhaltaí, agus iad ar an eolas faoin moladh a bhí beartaithe deireadh a chur le comhairlí baile, gan glacadh leis an bplean agus achtaíodh forálacha faoin mBille um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt, 2013 chun síneadh a chur le saolré Phlean Inis Córthaidh 2008-2014 go dtí an bhliain 2019.

Bhí an t-athbhreithniú ar Phlean Baile agus Comharsanachta Loch Garman tosaithe agus an chéad chéim comhairliúcháin déanta. Tar éis sin a bhreithniú, chinn na comhaltaí síneadh a chur leis an bplean a bhí ann go dtí 2019.



An Clr. Jim Moore
An Cathaoirleach-
SPC Pleanáil & Rialú
Foirgnimh



An tUasal Tony Larkin
Stiúrthóir Seirbhísí -
Pleanáil & Forbairt
Eacnamaíoch

Nithe eile a comhlíonadh:

- Ullmhaíodh Dréacht Phlean Ceantair Áitiúil do Bhaile na Cúirte agus do Shéipéal na hAbhann agus cuireadh iad ar chomhairliúchán poiblí.
- Aistríodh Plean Forbartha Chontae Loch Garman go Gaeilge agus dearadh agus foilsíodh cóip priontáilte deiridh.
- Cuireadh tuarascáil dhul chun cinn maidir le cuspóirí Phlean Baile agus Comharsanachta Ros Mhíc Thriúin i láthair na Comhairle.
- Rinneadh athbhreithniú ar Phleananna Ceantair Áitiúla lena chinntiú go rabhtas ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae, lena n-áirítear Bun Clóidí, Cluain an Róistigh, Fearna, Guaire, Teach Munna agus Calafort Ros Láir.
- Cheadaigh na comhaltaí síneadh a chur le Pleananna Ceantair Áitiúla Chluain an Róistigh agus Theach Munna i mí na Bealtaine 2014.

Caomhnú agus an Oidhreacht Thógtha

Sholáthair An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta €161,000 faoin Scéim Giarála Post san Oidhreacht Thógtha. Bronnadh deontais ar 22 tionscadal oidhreacht, a chruthaigh €387,000 d'infheistíocht phríobháideach agus 1,681 lá fostaíochta. Sa bhreis air sin, chur an Chomhairle Chontae chun cinn an Scéim Miondeontais Caomhnaithe agus bronnadh 18 deontas luach €38,398 in iomlán. Rinneadh €235,373 d'infheistíocht phríobháideach leis an scéim sin.

D'éirigh leis an Rannóg Pleanála €72,000 eile de mhaoiniú a fháil ón Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta chun Cuimhneachán Chogadh na gCriméach (cloigtheach) a dheisiú ag an bPáirc Oidhreacht. Bhronn an tAire maoiniú éigeandála de bhreis agus 19,000 freisin chun tabhairt faoi oibreacha cosanta ar Theach Bhaile Shamsóin.

Bithéagsúlacht

Táthar ag leanúint i gcónaí le roinnt tionscadal bithéagsúlachta. Tugadh an staidéar éiceolaíochta bunlíne do thionscadal píolótach nuálach na Comhairle dar teideal 'An Saol ar an Imeall' chun críche.

Forfheidhmiú Pleanála

Staidrimh Forfheidhmithe Carnach 2014

Cases resolved	201
Complaints received (S.I.)	161
Warning Letters issued	133
Enforcement Notices issued (S.I.)	66
Cases referred to legal proceedings	9

Ranníocaíochtaí

Bailíodh €1,977,258.19 in iomlán i ranníocaíochtaí pleanála do 2014.

Bannaí Pleanála

Bíonn monatóireacht agus bainistiú leanúnach ar airgead tirim agus ar bhannaí slándála mar chuid rithábachtach d'obair na Comhairle, agus cuidíonn sin chun Eastáit Leath-thógtha a chríochnú chomh maith le saincheistanna forbartha eile. Bítear gníomhach go rialta le sealbhóirí bannaí, cinntítear go gcoimeádtar bannaí slándála agus go mbítear ar fáil d'aon éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí.

Éilíodh 19 bannaí slándála in iomlán agus socraíodh go rathúil iad, agus admháladh ciste €1,837,087 in iomlán in 2014. Aistríodh bannaí airgead tirim €227,575 in iomlán go foirmeálta agus scaoileadh sin chun oibreacha feabhais a mhaoiniú. Cuireadh tús le hoibreacha scópála ar roinnt forbairtí a raibh cistí bannaí airgead tirim ar fáil dóibh agus meastar go n-aistreofar na bannaí airgead tirim sin, ar luach thart ar €433,000, go foirmeálta agus go scaoilfear iad chun oibreacha feabhais a mhaoiniú in 2015.

Struchtúir Dhainséaracha agus Láithreáin Tréigthe

Aistríodh na feidhmeanna seo chuig an Rannóg Pleanála ag tús 2014, agus cuireadh cásanna na Comhairle Baile agus Buirge chun cinn i Meitheamh 2014 freisin. In 2014, socraíodh 37 struchtúr dainséarach agus 7 láithreán tréigthe.

Rialú Foirgníochta

Aistríodh na feidhmeanna rialaithe foirgníochta chuig an Rannóg Pleanála mar chuid d'atheagrú na Comhairle ag tús 2014. Áiríodh leis sin freisin aistriú bhainistiú na nEastát Leath-Thógtha; ceannas a ghlacadh ar eastáit tithíochta; struchtúir dhainéaracha; agus láithreáin tréigthe chuig Pleanáil.

Fuair an Córas Bainistithe Rialaithe Foirgníochta nua (BCMS), a tugadh isteach i mí an Mhárta, 125 fógra tionscnaimh. B'ionann an líon iomlán d'fhógraí tionscnaimh a fuarthas agus 325.



Eastáit Leath-Thógtha

Bhí gníomhaíocht shuntasach ó thaobh Eastáit Leath-Thógtha ag Rialú Foirgníochta in 2014 agus caitheadh €1,528,647 in iomlán chun fadhbanna a réiteach in eastáit tithíochta in 2014. Chuathas i mbun raon leathan oibreacha ar 86 eastát ar fud an chontae, mar shoilse poiblí, soláthar spás taitneamhachta, bóithre agus cosáin, glanamh tailte neamhfhorbartha, soláthar cóireáil dramhuisce agus feabhas ar uisce le hól.

I mí na Bealtaine 2014 fuair Comhairle Chontae Loch Garman maoiniú de €483,135 do naoi n-eastát tithíochta faoi Chiste Réitigh Speisialta na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. In ainneoin an fráma ama gearr a bhí ann do chlár a bhí chomh uailmhianach sin, rinneadh oibreacha ar na heastáit go léir seachas aon cheann amháin. Tháinig fadhbanna reachtúla chun cinn maidir leis an eastát sin ach athleithroinneadh an maoiniú chun easnaimh maoinithe ar eastáit eile a chlúdach.

Inrochtaineacht

Foilseacháin san áireamh:

- Enabling Access across Generations.
- Treoirlínte Inrochtaineachta Chomhairle Chontae Loch Garman.

Seo a leanas na hoibreacha feabhsúcháin:

- Ag Cé na Cille Móire chinntigh an Rannóg Rochtana agus iad i mbun oibre leis an bpobal áitiúil agus leis an Rannóg Comhshaoil go bhfuil spás oscailte agus promenade inrochtaine ansin.
- Loch Garman chun rochtain comhionann a sholáthar chuig saoraidí ag Páirc Carbhán Phort an Chalaídh.
- Ag Cé na Cille Móire chinntigh an Rannóg Rochtana agus iad i mbun oibre leis an bpobal áitiúil agus leis an Rannóg Comhshaoil go bhfuil spás oscailte agus promenade inrochtaine ansin.



Coimeád Loch Garman Glan

In 2014 roinneadh an catagóir An Feabhas Comhshaoil is Fearr ar Inrochtaineacht ag an bPobal in dhá chatagóir ar leith. gairdíní agus páirceanna inrochtaine; agus bonneagar inrochtaine. Chuir naoi n-áit isteach ar an gcomórtas agus fuair Calafort Ros Láir/Grúpa Comhshaoil Chill Ruáin an chéad duais d'oibreacha a rinneadh ag Gairdín Kirwan agus ag Páirc Sráidbhaile Chalafort Ros Láir agus fuair Cumann Forbartha Pobail Ché na Cille Móire an chéad duais don Ghairdín agus don Bhealach Cuimhneacháin ag Cé na Cille Móire.



Deimhniúcháin do Rochtain Míchumais

Ní mór do gach foirgneamh, bloc árasáin, aon síneadh a chuirtear le foirgnimh agus athrú ábhar ó thaobh úsáid foirgnimh, Deimhniúchán do Rochtain Míchumais (DAC) a fháil faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 – 2013. In 2014, fuarthas 67 iarratas DAC agus saothraíodh €44,000 in ioncam. .

Feabhsúcháin Inrochtaineachta

Le linn na bliana inchorpraítear feabhsúcháin inrochtaineachta ar fud an chontae mar chuid d'uasghrádú nó d'oibreacha cothabhála. I go leor cásanna, déantar an ghné rochtana a phríomhshruthú sa sceideal oibre agus ní gá go dtaibhseofaí é mar ghné obair ar leithligh maidir le rochtain. Rinne an cheithre Ghrúpa Fócais Rochtana Baile na hoibreacha sin a fhormhuiniú sa chéad leath den bhliain. I mí an Mheithimh 2014 cuireadh athrú struchtúrtha i bhfeidhm faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil ó struchtúir chomhairlí baile go dtí ceantair bhuirge agus bhargasacha.

Chun tacú leis an athrú sin, agus chun a chinntiú go mbeadh rochtain fágtha ar an gclár oibre, rinne an Rannán Rochtana píolótú ar thionscnamh de Chomhairliúchán Poiblí ar Shaincheisteanna a Bhaineann le Rochtain maidir le gach ceantar. Go dtí seo, tá éirithe le roinnt comhairliúchán poiblí do Cheantar Buirge Loch Garman agus do Cheantar Bardasach Inis Córthaidh, agus úsáidfear torthaí na gcomhairliúchán sin chun a bheith mar bhonn do Phlean Feidhmiúcháin na Straitéise Míchumais.

FORBAIRT EACNAMAÍOCH




An Clr. Michael Sheehan
Cathaoirleach -
SPC Forbairt Gheilleagrach
& Fiontraíocht

Bunaíodh an Rannán Forbartha Eacnamaíoch de chuid Chomhairle Chontae Loch Garman chun cur chuige éifeachtach agus comhordaithe a chruthú maidir le forbairt eacnamaíoch sa chontae. Tá foireann tiomanta de cheathrar sa rannán sin, lena n-áirítear Oifigeach Forbartha Contae, Oifigeach Turasóireachta agus Oifigeach Taighde. Faoin mbranda comhoibritheach 'Wexford Means Business' agus 'Visit Wexford' leanadh le raon sainghníomhartha chun cuidiú chun tacú le fiontar, forbairt áitiúil agus fás eacnamaíoch i gContae Loch Garman agus chun Contae Loch Garman a chur chun cinn mar áit den scoth don ghnó agus do chuairteoirí araon.



Scéim maidir le Maoín Folamh



Sheol Comhairle Chontae Loch Garman tionscnamh nua in iarracht an líon aonad siopaí folmha agus áitribh gnó i mbailte Inis Córthaidh, Loch Garman agus in Ros Mhic Thriúin a laghdú. Tá faoiseamh deontais ar chostais caipitil chun áitreabh folamh a athchóiriú agus a fheistiú ar fáil thar trí bliana mar seo a leanas:

- **Bliain 1** – Bíonn faoisimh deontais bunaithe ar chostas feabhsúcháin/costais feistithe

deimhnithe faoi réir uasmhéid 75% den dliteanas rátaí bliantúla don chéad bliain.

- **Bliain 2** – Bíonn faoisimh deontais bunaithe ar chostas feabhsúcháin/costais feistithe deimhnithe bunaidh (mar a chuirtear isteach ag bliain 1) faoi réir uasmhéid 50% den dliteanas rátaí bliantúla don dara bliain.
- **Bliain 3** – Bíonn faoisimh deontais bunaithe ar chostas feabhsúcháin/costais feistithe deimhnithe bunaidh (mar a chuirtear isteach ag bliain 1) faoi réir uasmhéid 25% den dliteanas rátaí bliantúla don tríú bliain.

Forbairt ar Fhearann an Bhuitleáraigh



Chomhdhlúthaigh an Chomhairle na tailte tionsclaíoch ag Páirc Tionscail Fhearann an Bhuitleáraigh in Ros Mhic Thriúin leis an CPO de 1.502 heicteár talún. Tosaíodh oibreacha ar fheabhsúchán agus ar uasghrádú thailte tionscail faoi úinéireacht na Comhairle ag an bpáirc seo agus cuireadh soilse poiblí LED nua in airde.

Lóisteáil an Rannán Forbartha Eacnamaíoch, ag obair le Cumann Tráchtála Ros Mhic Thriúin, dhá iarratas pleanála do dhá fhoirgneamh ardteicneolaíochta ar an láthair seo.

Féile Gheimhridh Loch Garman

Rinneadh athrú ó bhun ar Loch Garman chun cuma an Gheimhridh cheart a thabhairt ar an áit do mhí na Nollag 2014, bhí rinc thíos ag an gCé, agus bhí pictiúrlann lasmuigh agus imeachtaí siamsaíochta ar siúl faoi dhíon sealadach ag Cearnóg Sheilsceire. Bhí an tionscnamh sin mar chuid de phlean Chomhairle Chontae Loch Garman chun go mbeadh Loch Garman mar cheann scríbe miondíola réigiúnach don Nollaig

Áiríodh leis an tionscadal ceol a bheith á sheimn fad leis an Phríomhshráid; Paráid na Nollag chomh maith le hoscailt oifigiúil a mheall 15,000 cuairteoir; Gairdín de Chrainn Nollag thíos ag an gCé; soilse sealadacha ag Mainistir Sheilsceire; ceolchoirmeacha lasmuigh; agus Margáí na Nollag. Bhí cuairteoirí ábalta a gcuid feithiclí a pháirceáil saor an aisce gach Máirt sa tréimhse roimh Nollaig agus ón Satharn an 20 Nollaig go dtí Oíche Nollag.

Rinneadh an tionscnamh i gcomhar idir Comhairle Chontae Loch Garman, Cumann Tráchtála Loch Garman agus Imeachtaí Lantern. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó mhiondíoltóirí i ndáil leis an imeacht, agus deir na miondíoltóirí gur tháinig ardú suntasach ar dhíolachán.



Onnmhaireoirí

Chuaigh an rannán Forbartha Eacnamaíoch i gComhairle Chontae Loch Garman i mbun taighde chun an leibhéal onnmhairithe as Contae Loch Garman a aithint, an cion táirgí agus seirbhísí a onnmhairítear agus na críocha a n-onnmhairítear chucu. Bailíodh faisnéis freisin ar chríocha breise a bhí á scrúdú cheana féin ag cuideachtaí onnmhairithe reatha ón gcontae. Ba é aidhm an taighde na ceantair chomónta onnmhairithe a bhíonn ag cuideachtaí a aithint, ó thaobh na tíreolaíochta agus na hearnála, agus meicníocht tacaíochta contaebhunaithe a fhorbairt do chuideachtaí onnmhairithe agus dóibh sin a bheadh ag smaoineamh tabhairt faoin onnmhairiú.

Ag leanúint ar aghaidh ón taighde sin, reáchtáladh imeacht Déardaoine an 8 Bealtaine i gComhairle Chontae Loch Garman inar tugadh le chéile cuideachtaí onnmhairithe agus onnmhaireoirí féideartha chun féachaint ar mheicníochtaí chun tacú le cuideachtaí onnmhairithe sa chontae. Ba é Declan Coyle, údar 'The Green Platform', leabhar nua nuálaíoch ar bhainistíocht agus ar cheannaireacht, a thug an spreagaitheasc an tráthnóna sin agus bhí Michael Gately, Ceann Díolachán agus Margaíochta, Medentech agus Noel Moran, Stiúrthóir Bainistíochta, The Emerald Group Ltd gníomhach freisin.

Reáchtáladh sraith cruinnithe maidine in 2014 do chuideachtaí chun onnmhairiú chuig áiteanna ar leith a phlé.

Reáchtálfar tuilleadh ceardlanna go luath in 2015 chun féachaint ar mhargaí eile.

Taighde

Tuarascáil Agraibhia

Rinne an Rannán Forbartha Eacnamaíoch taighde ar an tionscal agraibhia i gContae Loch Garman. Tugadh ar aird go bhfuil an tionscal agraibhia an-tábhachtach don gheilleagar i gContae Loch Garman agus i Réigiún an Oirdheiscirt, é freagrach as breis agus 18% den GVA Náisiúnta (Oll-Bhreisluch) don tír, é sin i bhfad níos airde ná an meán GVA don earnáil. Is réimse fáis tábhachtach é an tionscal don chontae.

Moltar sa taighde:

- Ár n-earnáil agraibhia agus táirgí a chothú agus a chur chun cinn, luach a chur leis na táirgí atá ann cheana féin
- An fhéidearthacht de réimsí forbartha táirgí nua a aithint agus a thástáil do thionscal bia Chontae Loch Garman agus sin a dhéanamh i gcomhar le Bord Bia.
- Leas a bhaint as an eolas atá againn faoi onnmhairiú táirgí bia agus dí sa mhargadh domhanda chun tacú le honnmhaireoirí nua

An Tionscal Déiríochta i Loch Garman a leathnú

Fágann deireadh a bheith á chur le cuótaí bainne in 2015 go bhfuil poitéinseal mór ann d'fhás sa tionscal déiríochta le Food Harvest 2020, an treoirphlean don tionscal agraibhia, agus creidtear go mbeadh ardú 50% ar tháirgeadh sa tionscal déiríochta réalaíoch agus indéanta. Is tionscal tábhachtach í a talmhaíocht i gContae Loch Garman go fóill agus tá déiríocht mar rogha inmharthana do go leor iontrálaithe nua agus féadfaidh feirmeoirí déiríochta reatha a ngnó a leathnú freisin.

Reáchtáil an Rannán Forbartha Eacnamaíoch, i gcomhar leis an IFA agus ICMSA, seisiún eolais Dé Máirt an 29 Aibreán, 2014 in Halla an Chontae, san Charraig Leathan, Loch Garman d'fheirmeoirí a mbeadh suim acu dul isteach sa tionscal déiríochta, i gcomhar le feirmeoirí déiríochta reatha ar mhian leo a sealúchas déiríochta a leathnú. Ba é an aidhm a bhí leis an seisiún eolais sin treoir a thabhairt d'fheirmeoirí maidir leis na himpleachtaí airgeadais, comhshaoil agus pleanála don leathnú ar an tionscal déiríochta i gContae Loch Garman.

Soláthar

Reáchtáladh sraith ceardlanna in 2014 a dhírigh ar an réimse eTenders agus Soláthar. Ba é an tUasal Tom O'Brien, Bainisteoir eTenders san Oifig um Sholáthar Rialtais a thug an spreagaitheasc ag seimineár i mí an Mheithimh 2014, agus ag ar thug sé forbhreathnú ar shuíomh idirlín eTenders.

Ag leanúint ar aghaidh ón seimineár sin, reáchtáladh trí cheardlann maidir le Conas an Tairiscint a n-Éireoidh Léi a Chur Faoi Bhráid (Dé Máirt an 21 Deireadh Fómhair, Dé Máirt an 25 Samhain agus ar Dé Máirt an 9 Nollaig). Brand-Edge a bhí i bhfeighil na gceardlanna sin agus díríodh ar bhainisteoirí ar úinéirí iad agus ar lucht oibre a bhíonn freagrach as gnó nua a fháil tríd an bpróiseas tairisceana agus díríodh go háirithe ar an earnáil phoiblí. Mar thoradh ar chomh maith agus a d'éirigh leo in 2014, áireofar na ceardlanna sin sna cúrsaí don Oifig Fiontar Áitiúil don Fhómhar 2015.

Próifíl Eacnamaíoch

Cuireadh Próifíl Eacnamaíoch den chontae le chéile in 2014 agus baineadh leas as chun an Chomhairle nua a chur ar an eolas faoi sheasamh Chontae Loch Garman i gcomparáid le Réigiún an Oirdheiscirt agus leis an Stát. Déanfar an próifíl sin a nuashonrú ar bhonn rialta lena chinntiú go mbeidh comhaltaí na Comhairle agus an pobal ar an eolas go leanúnach faoin gcás eacnamaíoch go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

Bíonn an Rannán Forbartha Eacnamaíoch ag obair leis an Rannán Forbartha Pobail agus leis an Rannóg Pleanála chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a fhorbairt. Is é cuspóir an LECP cuspóirí agus gníomhartha atá riachtanach a leagan amach chun forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus tacú leis chomh maith le forbairt áitiúil agus pobail Chontae Loch Garman, agus sin a dhéanamh leo féin amháin agus i gcomhar le geallsealbhóirí forbartha eacnamaíochta agus pobail araon.

Déanfaidh an SPC don Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar na gnéithe eacnamaíocha den LECP a fhorbairt agus forbróidh Coiste Áitiúil Forbartha Pobail Loch Garman (LCDC) na gnéithe pobail den LECP. Glacfaidh Comhairle Chontae Loch Garman leis an bplean ina iomláine, a mbeidh na gnéithe eacnamaíochta agus pobail lánpháirtithe araon. Beidh feidhm leis an bplean ar feadh tréimhse sé bliana.

Turasóireacht a Fhorbairt

Seoladh na mBealaí



Sheol an tAire Paul Kehoe, TD, an branda nua Bealaí Loch Garman Wexford Trails go hoifigiúil ag ócáid líonraithe in Óstán Chaladh na Carraige, Loch Garman an 29 Aibreán 2014. Is céim spleodrach é an branda seo agus bealaí turasóireachta á bhforbairt agus margaíocht á dhéanamh orthu i gContae Loch Garman.

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh bealaí trails faoi stiúir Fhorbairt Áitiúil Loch Garman, a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Chontae Loch Garman agus Fáilte Éireann, tacú leis na háiteanna tarraingteacha do thurasóirí agus an earnáil turasóireachta níos leithne lena n-áirítear áiteanna tarraingteacha oidhreacht, gairdíní, ceardaíocht agus bealaí siúlóide pobail i measc nithe eile. Is é a príomhchuspóir atá leis an tionscnamh go mbeadh sé furasta ag cuairteoirí blaise a fháil ar a bhfuil ar fáil i Loch Garman trí raon leathan áiteanna agus seirbhísí ar fud an chontae a chur chun cinn. Trí sin a dhéanamh, tacaíonn an tionscnamh le seirbhísí agus le taitneamhachtaí tuaithe, agus ar deireadh cuirfidh sin leis an líon cuairteoirí chuig an gcontae. Féadfar soláthróirí cóiríochta leas a bhaint as mar uirlis chur chun cinn agus saoire i Loch Garman á dhíol acu.

Tugann an branda nua trails céannacht ar leith do gach aon cheann de bhealaí Loch Garman agus is léargas iad ar a bhfuil iontach faoi Loch Garman.

Ciste Diaspóra Pobail



Is comhpháirtíocht trí shlí é an Ciste Diaspóra Pobail idir Fáilte Éireann, Árachas IPB agus Comhairle Chontae Loch Garman, a bunaíodh chun cur le chomh maith agus a d'éirigh le Tóstal Éireann chun pobail áitiúla a ghríosadh chun leas a bhaint as na naisc diaspóra ar mhaithe leis an turasóireacht go háitiúil. Beidh an ciste in áit ar feadh trí bliana ó 2014 go dtí 2016.

Soláthróidh an tionscnamh tacaíocht i bhfoirm tionscnaimh maoinithe ar mhionscála d'imeachtaí turasóireachta pobalbhunaithe a

bhfuil sé de chumas acu leanúint le chomh maith agus a d'éirigh le Tóstal Éireann agus déanamh níos fearr fós. Beidh ar a laghad €500 ar fáil suas go dtí uasmhéid €3,000 agus beidh baint aige sin leis an líon cuairteoirí ó thar lear a éireoidh leis an ócáid atá á eagrú a mhealladh chuig an áit. Ba é Dé hAoine an 9 Bealtaine 2014 an spriocdháta d'iarrais agus is iad seo a leanas na hiarrais ar éirigh leo:

Name of Group/Organisation	Amount Granted
Whitty Clan Gathering 2014	€3,000
Wexford Sinfonia	€1,500
Duncannon Fort Trust	€2,500
Wexford Federation ICA	€1,000
Tomhaggard Pastoral Group	€500
South East Rock 'n' Roll Club	€3000
St Michaels' Boxing Club New Ross	€1,000
Coastwatch Ireland	€1,000
Wexford Arts Centre	€3,000
Wexford Walking Trail Group	€2,000
Wexford Maritime Heritage	€3,000
Danescastle Music Group	€2,000
South East Plein Air	€3,000
Kilrane/Rosslare Harbour Tops Community Group	€1,000
Wexford Celtic FC	€2,000

Príomhchathair Cultúir na hEorpa

Sheol Loch Garman, Port Láirge, Cill Chainnigh agus Ceatharlach comhpháirtíocht i gcomhar chun tairiscint a dhéanamh ar an bPríomhchathair Cultúir san Eoraip do 2020. Ainmníonn an tAontas Eorpach Príomhchathair Chultúir na hEorpa ar feadh tréimhse bliana amháin agus eagraíonn an chathair nó an réigiún a éiríonn leo an teideal a bhaint amach sraith imeachtaí cultúir a mbíonn gné láidir Eorpach ag baint leo. Is deis é ullmhú d'ainmniúchán mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa don réigiún chun athghiniúint uirbeach agus tuaithe a chothú, íomhá an réigiúin a athrú agus cur le hinfheictheacht na háite agus le próifíl na háite ar an scála idirnáisiúnta.

OIFIG FIONTAR ÁITIÚIL (LEO) – LOCH GARMAN

D'oscail agus sheol an tAire Richard Bruton, TD, An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Oifig Fiontar Áitiúil go hoifigiúil i gContae Loch Garman Dé Máirt an 15 Aibreán i mBloc A, Comhairle Chontae Loch Garman, Loch Garman.



Sa ghrianghraf ó chlé go deas: Tom Banville Cean Fiontar, An tAire Richard Bruton, Tom Enright Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Loch Garman.

Is í an Oifig Fiontar Áitiúil an t-ainm nua atá ar an mBord Fiontar Contae agus leanfar leis an obair den scoth a rinne Bord Fiontair Chontae Loch Garman le 20 bliain anuas. Sheachaid an Oifig Fiontar Áitiúil clár suntasach gníomhaíochta le linn 2014 agus seo a leanas roinnt de na nithe ann:

€375,221 i ndeontas i gcabhair do 25 tionscadal gnó

Lena n-áirítear deontais forbartha gnó do:

- Relax Ireland Holidays Limited.
- Pillar Healthcare Limited.
- VoiceGrid Limited.
- Matrix Med Tech Limited.
- Roadway Signs and Supplies Limited.

D'fhreastail 1,100 duine ar 83 ócáid oiliúna gnó.

Áirítear orthu ócáidí oiliúna mar iad seo a leanas:

- Cúrsaí chun do Ghnó Féin a Bhunú a reáchtáladh i Loch Garman, in Inis Córthaidh, i nGuaire agus i Ros Mhic Thriúin le linn 2014.
- Ceardlanna ar na Meáin Shóisialta do Ghnó mar Facebook, Twitter, YouTube agus LinkedIn.
- An Clár Bainisteoirí ar Úinéirí iad ar ar fhreastal 15 bainisteoirí ar úinéirí iad.
- Clinicí gnó sna réimsí díolacháin,

margaíochta, caidrimh phoiblí agus na meáin shóisialta.

Bhí 122 gnó ann a thug cúnamh le meantóireacht gnó.

Áirítear orthu cúnamh meantóireachta do na gnólachtaí seo a leanas:

- Innovate Business Technology Limited.
- Killowen Yogurts.
- Advance Cleaners Limited.
- Good Food Ireland.
- Aspect Business Intelligence Limited.

Bhí 991 mac léinn as 17 scoil rannpháirteach sa Chlár Fiontar do Mhic Léinn.

Bhain 27 gnólacht leas as Deontas do Sheó Trádála de €21,409.

Áirítear orthu Deontais do Sheónna Trádála do na gnólachtaí seo a leanas:

- Sweeney Handcrafted Furniture.
- Ceadogán Rugs.
- Fresh Today Catering Limited.
- Kiltra Timber Company.
- Building Envelope Technology Limited.

Bhain 13 gnólacht leas as Deontas Margaíochta d'Onnmhaireoirí de €20,813.

Áirítear orthu Deontais Margaíocht d'Onnmhaireoirí do na gnólachtaí seo a leanas:

- Lantern Events
- Sunrise Innovations Limited
- Wexford Food Producers Network Limited
- Green Tree Mobile Showers
- Web Content Partners

Bhain 12 gnólacht leas as an Dearbhán Trádála ar Líne ar luach iomlán €23,885.

Áirítear orthu Dearbháin Trádála Ar Líne do na gnólachtaí seo a leanas:

- Barkers (Wexford) Limited.
- Fun4All.ie.
- BCN Safety Wholesale and Retail.
- Delaney Concrete.
- Softouch Technologies.

Tá na daoine seo a leanas san Oifig Fiontar Áitiúil:

- Tom Banville – Ceann Fiontar.
- Breege Cosgrave – Comhairleoir Gnó.
- Caroline McCrea – Riathóir.
- Angie Malone – Oifigeach Cléireachais.
- Bernie Flood – Oifigeach Cléireachais.



Sa ghrianghraf ó chlé go deas: Angie Malone, Caroline McCrea, Tom Banville, Minister Richard Bruton, Breege Cosgrave agus Bernie Flood.

Tá an Oifig Fiontar Áitiúil suite i mBloc A, Comhairle Chontae Loch Garman, An Charraig Leathan, Loch Garman agus is féidir teacht orthu ar líne ag:

www.localenterprise.ie/wexford

BÓITHRE AGUS IOMPAR

Buiséad 2014

B'ionann an buiséad chun feabhas agus cothabháil a dhéanamh ar na bóithre ar fad in 2014 agus €27,718,438 agus leithdháileadh €6,510,930 ó acmhainní Chomhairle Chontae Loch Garman freisin

Seo a leanas mar a rinneadh an briseadh síos:

- **Bóithre Náisiúnta – Mór (NRA)**
- €1,994,339
- **Bóithre Náisiúnta – Feabhsúcháin (NRA)**
- €6,577, 943
- **Bóithre Náisiúnta – Cothabháil (NRA)**
- €822,797
- **Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla – Feabhsúcháin (DoT) - €7,162,996**
- **Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla – Cóiriú Dromchla (DoT) - €1,801,000**
- **Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla – Cothabháil - €2,128,400**
- **Drochaimsir - Oibreacha Deisiúcháin - €720,033**

Bóithre Náisiúnta – Mór

N25 Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin

Leithroinneadh €750,000 ar an tionscadal chun talamh a fháil go leanúnach chomh maith le hoibreacha seandálaíochta a bhí le déanamh, suirbhéireacht agus oibreacha éascaithe.

Tá tairiscintí don chonradh PPP curtha faoi bhráid agus faoi réir dhúnadh na tairisceana meastar go mbronnfaidh an tÚdarás Náisiúnta Bóithre (NRA) an conradh sa chéad leath de 2015. Nuair a bheidh an conradh bronnta meastar go mbeidh roinnt ama ann sula rachfar i mbun na n-oibríochtaí tógála go léir. In ainneoin sin, meastar go dtosófar ar an tógáil in 2015



An Clr. Larry O'Brien
An Cathaoirleach -
SPC Iompar &
Seirbhísí Uisce



An tUasal Eamonn Hore
Stiúrthóir Seirbhísí -
Bóithre, Iompar,
Seirbhísí Uisce &
Sláinte & Sábháilteacht

M11 Scéim PPP Guaire go hInis Córthaidh

B'ionann an leithroinnt deontais NRA do 2014 agus €1,260,000 chun éascú le talamh a fháil agus chun conarthaí eile a bhí chun tosaigh a thabhairt chun críche mar thochailtí seandálaíochta. Eisíodh Fógraí Iontrála do gach úinéir talún i mí na Nollag mar a éilítear faoin reachtaíocht a rialaíonn an tOrdú Mótárbealaí ceadaithe.

Tugann sé sin rochtain dlí do Chomhairle Chontae Loch Garman ar gach talamh a theastaíonn do chéim tógála na scéime. Fuair an NRA tairiscintí i mí na Nollag 201 agus meastar go gceapfar lámháltóir nuair a bheidh na tairiscintí measúnaithe in Aibreán/Bealtaine 2015. Meastar go dtosóidh sin idir lár agus deireadh 2015

Bóithre Náisiúnta – Feabhsúcháin

Feabhsúcháin Pábhála ar an Líonra Iarmharach

Cuireadh seacht scéim feabhsúcháin i gcrích ar an N11, N30, N25 agus N80 mar chuid de na Scéimeanna Feabhsúcháin Pábhála ar an Líonra Iarmharach do Sheachbhóthar Ghuaire go hInis Córthaidh. Seo a leanas an seacht scéim a bhí i gceist:

Líonra Iarmharach Ghuaire go hInis Córthaidh

N11 Baile an Chláir	0.8 km
N11 Baile na Beannóige	1.0 km
N11 Baile Inis Córthaidh	1.8 km
N11 Inis Córthaidh Theas	1.8 km
N80 Scairbh Bhailis	1.0 km
N30 Baile Inis Córthaidh	1.5 km

Líonra Iarmharach Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin

Kents Cross go Beirgírin	2.5 km
--------------------------	--------

Rinneadh obair fheabhsúcháin bhreise ar 6.8km de bhóithre áitiúla faoin Scéim Líonra Iarmharach Inis Córthaidh go Guaire; rinneadh na hoibreacha sin sna háiteanna seo a leanas:

L2030	Gort na Silíní, Inis Córthaidh	1.2 km
L6165	The Still, Inis Córthaidh	0.9 km
L1023	Fearna go dtí An Bráca	4.3 km
L8045	Baile Arnais, Ros Mhic Thriúin	0.4 km

Forleagain Pábhála ar Bhóithre Náisiúnta

Tugadh scéim forleagan pábhála chun críche ar an N25 ag Scolbóg (0.8 km).

Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta Iad

Feabhsúcháin ar Phábháil agus ar Dhromchlaí Cóiriú

I rith na bliana, cuireadh feabhas ar 60.91 km de bhóithre nach bóithre náisiúnta iad i gContae Loch Garman faoin gClár Athchóirithe Bóithre arna mhaoiniú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Rinneadh cóiriú ar dhromchla ar 83.1 km eile, is ionann sin agus cúrsa cóirithe dromchla de 38.9 bliain.

Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Leithroinn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €770,000 ar Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail i gContae Loch Garman. Tugadh dhá scéim déag chun críche ar chostas iomlán de €1.22 milliún. Íodadh iarmhéid an chostais le ranníocaíochtaí ón bpobal áitiúil – ó thaobh airgid agus saothair.

Sainscéimeanna Feabhsúcháin

Leithroinn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €200,000 faoin Sainscéim Deontais Feabhsúcháin chun cóiriú a dhéanamh ar chúig droichead sa chontae.

Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Cuireadh Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal i gcrích ag ocht n-ionad éagsúla ar fud an chontae:

R733	Sráid na Beairice, Baile Loch Garman – feabhsúcháin ar achomhal.
L2040	Gap Cross, Inis Córthaidh – feabhas ar línte amhairc.

L3041 Sráidbhaile Murrintown – trasrian coisithe.

L2040 Mye Cross, Inis Córthaidh – feabhas ar línte amhairc.

R725 Bóthar Charn an Bhua – comharthaíocht bhreise agus línte a mharcáil.

R730 Cill Liúráin – feabhas ar línte amhairc.

R745 Sráidbhaile Fhearna – línte a mharcáil agus stodaí bóthair.

L757 Bóthar Waterloo, Baile Loch Garman – athrú ar thosaíocht an achomhail.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Leanann Comhairle Chontae Loch Garman ag obair go dlúth leis an nGarda Síochána, leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) agus le gníomhaireachtaí rialtais éagsúla eile agus eagraíochtaí deonacha áitiúla chun an teachtaireacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i gContae Loch Garman. Sa bhreis air sin, déantar gach taisme bóthair ina maraítear aon duine iontu a fhiosrú.

Bailte Taistil Gníomhacha:

Fuair Comhairle Chontae Loch Garman leithroinnt de €648,100 faoin Scéim Bailte Taistil Gníomhacha chun Bóthar Tionscail Ros Láir a leathnú idir Baile Mhaidilín agus Draighneach. Tá sé beartaithe leis an tionscadal lána do rothaithe a ainmniú agus a mharcáil chomh maith le stadanna bus, scáthláin, áiseanna páirceanna, suíocháin agus leataoibh a ionchorprú.

Is é an príomhaidhm atá leis an tionscadal seo úsáid carranna a laghdú sa cheantar roghnaithe agus cur leis an líon a bhíonn ag siúl, ag rothaíocht chomh maith le cineálacha eile iompair laistigh de na ceantair roghnaithe. Rinneadh an leithroinnt ar bhonn an tionscadail a bheith pleanáilte, tógtha agus staidéir aistriú modail a bheith tugtha chun críche idir 2014 agus 2016.

Tionscnamh Shábháilteacht ar Bhóithre – Aon Saol Amháin



Lean Comhairle Chontae Loch Garman, Club Rotary Loch Garman, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis an tionscnamh sábháilteacht ar bhóithre seo a bhí dírithe ar scoláirí san idirbhliain.

Aistríodh an tionscnamh chuig ionad nua in 2014, sin é Omniplex Loch Garman, Draighneach agus thug thart ar 1,500 scoláire ó 20 iarbhunscóil lastigh den chontae cuairt ar an imeacht thar sé lá.

Cuireadh tuilleadh leis an gclár in 2014 agus cuireadh cur i láthair san áireamh ó Oifigeach Rothaíochta Chomhairle Chontae Loch Garman, agus léiríodh freagrachtaí agus leochaileacht rothaithe agus iad ar an mbóthar.

Coiste Beartas Straitéiseach – Bóithre agus Iompar

Bhí cruinnithe roinnte uaireanta ag an gcoiste seo le linn 2014 agus seo a leanas na príomhnithe a bhí faoi chaibidil:

- Tionscadal Píolótach Ciumhais ar Thaobhanna an Bhóthair
- Leithroinntí maoinithe náisiúnta agus neamh-náisiúnta
- Rialú foirgníochta
- Ceadúnais hacnaí sa cheantar áitiúil
- Bailte Taistil Gníomhacha

An Clár Fostaíochta Pobail:

Bhí Comhairle Chontae Loch Garman freagrach as dhá Scéim Fostaíochta Pobail agus fostaíodh beirt mhaoirseoirí agus bhí seasca duine rannpháirteach ann. Bhí na scéimeanna i bhfeidhm thar sé áit lena n-áirítear Leabharlann Loch Garman; Loch Garman, Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Ceantair Innealtóireachta Inis Córthaidh agus Ghuaire; agus Dún Chanáin.

Chinntigh go leor de na daoine a ghlac part sa scéim fostaíocht lena linn nó díreach i ndiaidh dóibh a bheith páirteach sa scéim.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Dramhuisce

Conradh d'Uisce Éireann, Contae Loch Garman Leanann an Chomhairle ag oibriú 193 áis agus 579 km den chóras séarachais phoiblí ar fud an chontae, ag cur cóireáil ar uisce ó fhoinsí baile agus trádála/tionscail araon. Tá ceithre ionad de chuid Chomhairle Chontae Loch Garman a oibríonn conraitheoirí príobháideacha freisin

Leag an criú a bhí fostaithe ar shaothar dhíreach 1,840 m den chóras séarachais nua in 2014.

Uisce le hÓl

Tá Comhairle Chontae Loch Garman ar chonradh ag Uisce Éireann agus leantar ag oibriú 218 áis agus 1,890 km de phríomhlíonra uisce poiblí a fhreastalaíonn ar thart ar 105,000 duine.

Maoirsíonn Comhairle Chontae Loch Garman oibriú na nGrúpscéimeanna Uisce (128 scéim ag freastal ar thart ar 2,200 duine) agus an Scéim Deontais Tobair Aonair (thart ar 249 iarratas nua in 2014). Cuirtear uisce poiblí ar fáil do thart ar 75% den daonra, bíonn grúpscéimeanna uisce ag freastal ar 5% agus faigheann 20% den daonra uisce ó thobreacha príobháideacha.

Cáilíocht an Uisce le hÓl

B'ionann an ráta comhlíonta le caighdeán mhicribitheolaíochta, ceimiceach agus tascairí arna leagan síos ag S.I. 122 (2014) agus 99.38%, 99.90% agus 98.06% faoi seach.

Leanann an céatadán den uisce gan tasc (UFW) ag laghdú ó 51% ag tús an Tionscadail Caomhnaithe Uisce go dtí 36% mar atá faoi láthair. (Is ionann an figiúr atá mar sprioc don UFW do chontae tuaithe mar Loch Garman agus 20-25%.)

Tionscadail Chaipitil

Oibreacha cobhsaithe fána WWTW Bhun Clóidí tugtha chun críche.

Córas séarachais Theach Munna-Na Caológa-Loch Garman tugtha chun críche agus tá Na Caológa-Loch Garman ag obair.

Tugadh tionscadail caomhnaithe uisce chun críche i bhFerna, i nGuaire agus i mBaile Loch Garman.



Oibreacha Cobhsaithe Fána ag WWTW Bhun Clóidí - Roimh Ré



Oibreacha Cobhsaithe Fána ag WWTW Bhun Clóidí - I ndiaidh na nOibreacha



Pléascadh Píopaí ar teicneolaíocht saor ó thrinsí atá ann – Summer Hill, Loch Garman

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

In 2014, d'oibrigh an fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta clár feabhsaithe corparáide agus rinneadar é a sheachadadh chun sláinte, sábháilteacht agus leas fostaithe Údaráis Áitiúla Loch Garman, conraitheoirí agus daoine den phobal a chinntiú go leanúnach. Sheachaid an fhoireann dianchlár oiliúna sláinte agus sábháilteachta agus d'oibrigh siad ar thionscnaimh thábhachtacha chun sábháilteacht a thabhairt isteach agus teicneolaíochtaí nua a neadú ina gcuid oibriúcháin.

Teicneolaíochtaí Nua a Úsáid maidir le Sláinte agus Sábháilteacht

Leanadh ag úsáid teicneolaíochtaí nua in 2014 agus tugadh isteach agus úsáideadh na bearta seo a leanas:

- Tuairisciú ar líne agus anailís staitistice ar thimpistí agus ar theagmhais.
- Taifeadh leictreonach ar chigireachtaí trealamh do chláranna dóiteáin, trí úsáid as fóin chliste nó táibléid.
- Táirgeadh leictreonach ar chórais ceadúnais chun oibre do chonraitheoirí a mbíonn orthu tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ardriosca.
- Córs faisnéise sláinte agus sábháilteachta athbhreithnithe d'fhostaithe, agus Inlín sláinte agus sábháilteachta nuashonraithe.

Aire a thabhairt do Ghnó



D'oibrigh an fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhar le haonad 'Loch Garman i mbun Gnó' sa rannóg Eacnamaíoch, leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun dhá imeacht a eagrú do chonraitheoirí agus do ghnólachtaí beaga i gceantar Loch Garman.

Léiríodh ag na himeachtaí sin, uirlisí ar líne nua, saor in aisce agus simplí a fhéadfaidh gnólachtaí beaga a úsáid chun a chinntiú go gcloítear le sláinte agus sábháilteacht.

D'fhreastail líon ard ar na himeachtaí agus fuarthas aiseolas an-dearfach. Tá sé beartaithe níos mó de na himeachtaí sin a rith in 2015, ag cuidiú le conraitheoirí níos lú chun riachtanais don obair thairisceana agus oibre le Comhairle Chontae Loch Garman a chomhlíonadh.

Bainistiú Imeachtaí

Le linn 2014, chuaigh an Rannán Sláinte agus Sábháilteachta i mbun athbhreithnithe ar bhainistiú imeachtaí a bhíonn á reáchtáil ag áitribh Chomhairle Chontae Loch Garman agus chomhaontaigh an fhoireann bainistíochta próiseas nua i mí na Nollag. Cinnteofar leis an bpróiseas sin go leanfaidh Comhairle Chontae Loch Garman ag éascú agus ag spreagadh óstáil imeachtaí ar áitribh na nÚdarás Áitiúil nó ag spásanna lasmuigh, agus cinnteofar ag an am céanna go ndéanfar rialú bainistithe ar rioscaí.

Forbrófar treoir don phobal agus do pháirtithe leasmhara in 2015 agus soláthrófar oiliúint in aghaidh an phróisis iarratais nua agus riachtanais.



H&S - Treoir maidir le Bainistiú Imeachtaí

Foréigean, Ionsaí agus Bagairtí den Féindochar

Go luath in 2014 tugadh isteach nós imeachta nua chun déileáil leis an líon níos airde d'eachtraí foréigin, ionsaithe agus bagairtí den féindochar ó dhaoine den phobal a bhí ag idirghníomhú le seirbhísí na nÚdarás Áitiúil. Cinnteoidh sé sin go ndéanfar gach eachtra a logáil trí nós imeachta

tuairiscithe agus go dtógfar gníomhartha pras agus diongbhailte chun fostaithe na nÚdarás Áitiúil a chosaint ó iompar ina dtreo nach bhfuil inghlactha.


Cinntear freisin go bhfuil meicníocht shainmhínithe ann chun freagairt go cuí do dhaoine den phobal a bhagraíonn dochar a dhéanamh dóibh féin, agus go ndéanfar daoine mar sin a chur ar aghaidh gan stró chun idirghabháil iomchuí a fháil mar a bhíonn gá.

Tugadh isteach cúrsa oiliúna nua d'fhostaithe i ndáil le sábháilteacht phearsanta freisin.

Gradaim Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann

Bhain Comhairle Chontae Loch Garman amach an Gradam Réigiúnach don Oirdheiscirt sna Gradaim Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann 2014 de chuid Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteachta na hÉireann.

Is gradam sábháilteachta mór le rá é seo a éilíonn tiomantas d'fheabhas leanúnach sa réimse bainistithe Sláinte agus Sábháilteachta.



WCC - NISO Aighneacht na nGradam Sábháilteachta 2014

TITHÍOCHT

Is é aidhm na Rannóige Tithíochta réitigh tithíochta a sholáthar, a chothabháil agus a bhainistiú do dhaoine nach mbíonn in ann é sin a dhéanamh dá n-acmhainn féin. Sa bhreis ar sholáthar cóiríochta, tacaíonn an Rannóg Tithíochta le bonneagar sóisialta na bpobal áitiúla trí chur chun cinn cleachtais bainistithe eastát maithe. Tá roinnt samplaí de thionscnaimh forbartha pobail ann lena n-áirítear tacaíocht do chumainn chónaitheoirí agus scéim deontais ar mhionscála chun mórtas pobail a chothú.

Is é aidhm na Rannóige Tithíochta réitigh tithíochta a sholáthar, a chothabháil agus a bhainistiú do dhaoine nach mbíonn in ann é sin a dhéanamh dá n-acmhainn féin. Sa bhreis ar sholáthar cóiríochta, tacaíonn an Rannóg Tithíochta le bonneagar sóisialta na bpobal áitiúla trí chur chun cinn cleachtais bainistithe eastát maithe. Tá roinnt samplaí de thionscnaimh forbartha pobail ann lena n-áirítear tacaíocht do chumainn chónaitheoirí agus scéim deontais ar mhionscála chun mórtas pobail a chothú.

Ba é an toradh a bhí ar aistriú seirbhísí tithíochta ardú suntasach ar an stoc tithíochta do Chomhairle Chontae Loch Garman ó 2,459 go 4,204 aonad tithíochta sóisialta ag deireadh 2014. Leithroinneadh 130 teach in iomlán i rith na bliana chun cóiríocht a chur ar fáil agus áiríodh orthu 12 Ligeann Nua, 85 Folúntas Ócáideach agus 33 Aistrithe.

Cothabháil Tithíochta

Oibríonn Comhairle Chontae Loch Garman dianchlár cothabhála dá stoc tithíochta agus áirítear leo foireann tithíochta na Comhairle agus conraitheoirí seachtracha i mbun obair deisiúcháin agus cruthaíonn sé sin fostaíocht go háitiúil. Le linn 2014 fuair an Lárionad Glaonna do Chothabháil Tithíochta 7,028 glao cothabhála, ardú ó 4,768 ag deireadh 2013 agus bhí ardú ar an stoc tithíochta ó na bailte. In 2014 rinneadh



An Clr. Fergie Kehoe
An Cathaoirleach -
SPC Tithíocht, Pobail &
Comhshaoil




An tUasal John Carley
Stiúrthóir Seirbhísí -
Tithíocht, Pobal, Leabharlanna, Na hEalaíona,
Seirbhísí Éigeandála &
An Comhshaoil

110 deisiúchan réamh ligeann laistigh de 4.5 seachtaine ar an meán

I rith na bliana, díriodh ar cheithre eastát ar fud an Chontae i gclár cothabhála beartaithe chun dul i mbun oibreacha uasghrádaithe agus feabhsúcháin riachtanacha agus áiríodh orthu oibreacha laistigh agus lasmuigh. Ar an tslí chéanna tosaíodh tionscnaimh chun díriú ar dhabhcha séarachais stoc tithíochta na n-údarás áitiúil chun a chinntiú go raibh siad ag cloí le hAcht 2012 maidir le córais dramhuisce agus leagadh sprioc de 30 dabhach gach uile bliain.



Roimh ré



I ndiaidh

Leanann síntí agus cuíchóiriú chun freastal ar riachtanais spriocghrúpaí leochaileacha mar dhaoine scothaosta agus dhaoine faoi mhíchumas mar dhualgas tábhachtach don rannóg Tithíochta, mar sin féin bíonn srianta buiséid ar chlár chaipitil i bhfianaise an ioncaim laghdaithe ó dhíolachán stoc tithíochta trí scéim ceannaigh na dtionóntaí atá tugtha chun críche anois.

Mar sin féin meastar go dtabharfar isteach Scéim Ceannaigh Incriminteach nua do thionóntaí a mbead suim acu a dteach féin a cheannach.

Tithe Cónaithe Níos Teo agus Athghiniúint Aonaid Folmha

Leithroinn an DECLG maoiniú de €1,026,271 ar Chomhairle Chontae Loch Garman faoin mbliain is mó rath i ndáil le clár uasghrádaithe fuinnimh stoc tithíochta na n-údarás áitiúil. Chomhlíon an Rannán Tithíochta raon bearta coigiltis fuinnimh lena n-áirítear insliú don áiléar agus do na billí chun tithe cónaithe níos teo a chruthú agus billí breosla a laghdú do thionóntaí do 1,264 aonad tithíochta.

Fuarthas maoiniú breise faoi leath mhilliún don chlár voids chun stoc folamh a thabhairt ar ais lena úsáid agus bhí béim ar leith ar Ros Mhic Thriúin.

Scéim Cheantar Ros Mhic Thriúin Charlton Hill



Roimh ré



I ndiaidh

Coiste Beartas Straitéiseach Tithíochta (SPC)

Tá an SPC Tithíochta freagrach as an mbeartas tithíochta a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air laistigh den údarás áitiúil.

In 2014, pléadh raon leathan míreanna, na nithe a leanas san áireamh:

- Clár Cothabhála Beartaithe 2013
- Clár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta 2013
- Scéim Cíosanna Dífreálach 2013
- Fóram Tithíochta Deonach
- Measúnú Riachtanais Tithíochta
- Clár Deontas 2013
- Straitéis do Dhaoine Gan Dídean an Oirdheiscirt
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 – 2018
- Riaráiste Morgáiste
- Éileamh ar Thithíocht

Housing Demand

Bhí 3,310 iarratas ar thithíocht shóisialta ar an liosta tithíochta ag Comhairle Chontae Loch Garman amhail an 31 Nollaig 2014. Ar an gceantar ba mhó riachtanas bhí Loch Garman áit a raibh 1,160 iarratas, ansin Guaire 788, Inis Córthaidh 692 agus Ros Mhic Thriúin 670.

Clár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta

Fógraíodh clár infheistíochta mór do thithíocht shóisialta go náisiúnta ag deireadh mhí na Samhna 2014 agus cuireadh €3.8 billiún ar fáil thar thréimhse 6 bliana chun 35,000 aonad tithíochta breise a sholáthar, agus cruthófar 29,000 jab tógála leis sin.

Tá dhá scéim tógála ag Comhairle Chontae Loch Garman faoi láthair:

An Clár Soláthair Tithíochta

– Tógáil i gComhairle Chontae Loch Garman, Guaire

Scéim Tithíochta	Aonaid	Stádas
Baile na Tra, Séipéal na hAbhann	10	Tógáil €1.5 million
Shanna Court	8	Tairiscint €1.2 million

Séipéal na hAbhann

Sheol agus d'oscail an Comhairleoir Malcolm Byrne, Cathaoirleach, Comhairle Chontae Loch Garman agus an Comhairleoir John Hegarty, Cathaoirleach, Ceantar Bardasach Ghuaire an scéim 10 dteach seo go hoifigiúil anuraidh, scéim a fuair maoiniú ceadaithe €1.5 milliún ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil last year.

Comhaontaíodh gur chóir ainm oifigiúil 'Baile na Tra' a thabhairt ar an bhforbairt. Tá tús curtha leis an obair thógála agus ceaptar go mbeidh sé tugtha chun críche i mí Mheán Fómhair 2015.

Seoladh scéim 10 n-aonad Shéipéal na hAbhann.



An Clár Soláthair Tithíochta i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Deonacha

Tá Comhairle Chontae Loch Garman ag obair i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Deonacha:

- Coill an Iarainn, Guaire 6 n-aonad do dhaoine scothaosta €687,875 nach mór críochnaithe
- Camphill, Baile Muine. Guaire 2 aonad do dhaoine faoi mhíchumas.

- Westlands Loch Garman 7 n-aonad Frea-gartha do dhaoine scothaosta.
- An Bhreacadh Nua, Ard Aoibhinn Loch Garman 14 aonad do dhaoine faoi mhíchumas.

An Bhreacadh Nua Loch Garman



Tacóidh Comhairle Chontae Loch Garman le haonaid tithíochta freisin a sheachadófar trína gcuid oibre leis an gComhlacht Tithíochta Deonach Náisiúnta d'aonaid le maoiniú ó NAMA trí (Ciste Léasaithe Cúnaimh Caipitil) CALF agus táthar i mbun idirbheartaíochta le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe eile

Fuair Comhairle Chontae Loch Garman an leithroinnt de dhíreach os cionn €1. Milliún a fuarthas ó DEHLG faoin gclár fala tithíochta, agus ceannaíodh 10 maoin nua agus díriodh go háirithe ar fhreastal ar riachtanais dhaoine faoi mhíchumas. Is é an t-aonad teicniúil den Rannóg Tithíochta a dhéanann comhordú ar an dearadh, ar an bpleanáil agus ar an bpróiseas tairisceana do thionscadail tógála na n-údarás áitiúil agus tugtar tacaíocht don chlár tithíochta sóisialta.

An Earnáil Tithíochta ar Cíos Phríobháideach

Tá Údarás Tithíochta freagrach as Caighdeán arna leagan amach sna Rialacháin Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos), 2008 agus 2009 a fhorfheidhmiú. Leagtar amach leis na rialacháin sin na híoschaighdeáin nach mór do thithe ar cíos a bhaint amach.

Table 2: Anailís ar Chaighdeáin do Chóiríocht Tithe ar Cíos Phríobháideach

An líon iomlán Cigireachtaí a rinneadh in 2014	Na litreacha neamh-chomhlíonta a eisíodh in 2014	An líon cásanna 2014 atá ag comhlíonadh anois	An líon cásanna 2013 a leanadh leo in 2014	An líon cásanna 2013 atá ag comhlíonadh anois
830	699	242	585	305

Rinneadh 826 cigireacht in 2014. Cinntíodh ráta comhlíonta 35% maidir le maoin a rinneadh cigireacht orthu den chéad uair in 2014.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)



Is tionscnamh Rialtais í an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) a thugann rogha tithíochta eile do thionóntaí san earnáil tithíochta ar cíos príobháideach agus deonach a fhaigheann Forlíonadh Cíos ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar feadh tréimhsí sonracha. In 2014 aistríodh 102 líon tí isteach i RAS.

Tionscnaimh Léasaithe

Bhí 89 n-aonad léasaithe ag Comhairle Chontae Loch Garman amhail an 31 Nollaig 2014. Faightear maoin ar léas ón earnáil phríobháideach agus úsáidtear iad chun cóiríocht a thabhairt do líonta tí ó liosta feithimh an údaráis áitiúil. Leithroinntear maoin ar léas chuig tionóntaí, de réir scéim leithroinntí na n-údarás áitiúil.

Deontais Tithíochta

Bíonn sé mar aidhm ag an Rannóg Tithíochta cuidiú le hoibreacha a fheabhsóidh coinníollacha maireachtála dhaoine faoi mhíchumas, dhaoine a mbíonn saincheisteanna soghluaisteacha acu chomh maith le cuidiú le daoine níos sine a bhíonn ina gcónaí i ndroch-choinníollacha tithíochta agus tugtar aird ar leith ar an luach is fearr ar airgead agus iarratais á meas. In 2014 leithroinneadh buiséad de €1,635,238 do na scéimeanna deontais chun cuidiú le 321 líon tí.

Achoimre ar leithroinnt Bhuiséad 2014

HGDanna	MAGanna	HOPanna	Iomlán
€331,352	€217,567	€1,086,319	€1,635,238

Iasachtaí Tithíochta na nÚdarás Áitiúil

	Iarratais a Fuarthas	Iarratais a Ceadaiódh	Iarratais atá Íoctha go Dáta	Caiteachas Iomlán
Iomlán:	17	4	2	€165,000

Rinneadh 17 iarratas ar iasachtaí agus ceadaiódh 4 cinn acu.

Próiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste (MARP)

Tugadh isteach an Próiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste (MARP) sna húdaráis áitiúla ag deireadh 2012. Tá sé mar aidhm le MARP creat a sholáthar chun cur ar chumas na n-údarás áitiúil déileáil le cásanna riaráistí ar bhealach báúil agus réadúil, agus cur chuige comhsheasmhach a choimeád feadh cheantair iomlána an údaráis áitiúil.

Cuireann Comhairle Chontae Loch Garman cur chuige trasrannach i bhfeidhm agus iad ag déileáil le riaráistí morgáiste a mbíonn an Rannóg Tithíochta agus an rannóg Rialaithe Creidmheasa de chuid na Rannóige Airgeadais araon páirteach ann.

I mí Iúil 2014 tugadh isteach nós imeachta athbhreithnithe chun déileáil le Riaráistí Morgáistí do na húdaráis Áitiúla atá ag teacht go dlúth le Cód Iompair an Bhainc Cheannais ar Riaráistí Morgáiste. Faoi dheireadh na bliana 2014 bhí 2014 cás MARP in iomlán a bhí ag gníomhú leis an bhFoireann Riaráistí Morgáiste. Astu sin, thángthas ar 100 cinneadh MARP, chuaigh 79 acu sin ar aghaidh le pleananna comhaontaithe.

Cuimsiú Sóisialta

Bíonn ról ríthábhachtach ag an Rannóg Tithíochta chun tacaíochtaí cuimsithe sóisialta a fhorbairt do phobail Chontae Loch Garman. Trí oibriú i gcur chuige comhpháirtíochta le gníomhaireachtaí eile freagraíonn an fhoireann Tithíochta do shaincheisteanna mar Dhaoine gan Dídean, Cóiríocht don Lucht Siúil, Bainistiú Eastáit, tacú le teaghlaigh a bhíonn i mbaol.

POBAL

An Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC) a Bhunú

Soláthraítear le hAlt 49A den Acht Rialtais Áitiúil 2001 do bhunú LCDCanna i ngach ceantar riaracháin údaráis áitiúil 'd'fhonn cur chuige comhsheasmhach agus comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a fheidhmiú d'fhorbairt áitiúil agus pobail'. Ina thaobh sin, tabharfaidh gach LCDC le chéile comhaltaí agus oifigigh údaráis áitiúla, ghníomhaireachtaí stáit agus daoine a bhíonn ag obair go gníomhach le heagraíochtaí áitiúla forbartha, forbartha pobail, agus eacnamaíoch, cultúir agus comhshaoil chun cur chuige tras-earnálach nasctha a fheidhmiú ar chlár fhorbartha áitiúla agus pobail.

Tarraingeoidh LCDCanna, mar sin ar shaineolas agus ar thaithí ghníomhairí poiblí agus príobháideacha laistigh den cheantar údarás áitiúil iomchuí chun seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar do shaoránaigh agus do phobail, agus go háirithe iad sin is mó a mbíonn gá acu leis na seirbhísí sin.

Bhunaigh Comhairle Chontae Loch Garman an LCDC i mí Iúil 2014 agus bhí 17 comhalta ann, iad comhdhéanta d'ionadaithe poiblí agus príobháideacha araon. Beidh an LCDC freagrach go príomha as maoiniú forbartha áitiúil agus pobail a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú, cibé má bhíonn sin á chaitheamh ag na húdaráis áitiúla nó thar ceann an Stáit ag comhlachtaí forbartha áitiúla eile.

Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPN)

Déantar soláthar in Alt 46 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 d'fhorbairt Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí. Is é an aidhm atá leis na struchtúir agus na próisis nua sin éascú agus cur ar chumas an phobail agus eagraíochtaí chun raon leathan dearcaí agus leasanna a léiriú laistigh den chóras rialtais áitiúil. Feabhsóidh an córas na próisis comhairliúcháin atá ann agus beidh sin mar an príomhnasc trína gceanglóidh an t-údarás áitiúil leis na hearnálacha pobail, deonacha agus comhshaoil. Tá 300 grúpa pobail cláraithe faoi láthair leis an PPN. Tá Rúnaíocht an PPN curtha in áit agus toghadh 10 gcomhalta ar an gcomhlacht sin. Éascóidh an rúnaíocht le

hainmniúchán PPN ar choistí Comhairle agus ar chomhlachtaí iomchuí eile.

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a ullmhú

Soláthraíonn an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 ról níos láidre agus níos soiléire do rialtas áitiúil ó thaobh forbairt eacnamaíoch agus forbairt pobail agus is gné ríthábhachtach é sin chun an fhís atá leagtha amach sa Chlár Gnímh ar Rialtas Áitiúil Éifeachtach a chinntiú: 'go mbeidh rialtas áitiúil mar an phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag an leibhéal áitiúil, go mbeifear ag stiúradh forbairt eacnamaíoch, sóisialta agus pobail'.

Is é cuspóir an LECP, mar a sholáthraítear san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, na cuspóirí agus na gníomhartha atá de dhíth chun forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus tacú leo chomh maith le forbairt pobail agus áitiúil an cheantair údaráis áitiúil iomchuí a leagan amach ar feadh tréimhse sé bliana, agus sin a dhéanamh leo féin nó i gcomhar le páirtithe leasmhara forbartha eacnamaíoch agus pobail araon.

Choimisiúnaigh Comhairle Chontae Loch Garman an Institiúid Náisiúnta d'Anailís Réigiúnach agus Spáis (NIRSA), bunaithe ag OÉ Maigh Nuad, chun tabhairt faoi anailís ar shonraí socheacnamaíoch bunlíne do Chontae Loch Garman. Tá na sonraí bunlíne sin ríthábhachtach do chruthú fianaise bunaithe ar spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha socheacnamaíocha ardleibhéil.

Lárionad Spóirt Pobail Shéipéal na hAbhann

Comhlíonfaidh forbairt Lárionad Spóirt Pobail ag Séipéal na hAbhann tiomantas fadtéarmach ó Chomhairle Chontae Loch Garman áiseanna taitneamhachtaí a sholáthar san tsráidbhaile.

Rinneadh obair ar dhearadh an Lárionaid Spóirt Pobail ag Séipéal na hAbhann chun toradh níos inbhuanaithe a chinntiú don phobal. Tá an fhorbairt comhdhéanta de pháirceanna imeartha CLG agus sacair, cosán siúlóide agus cosán BMX. Cuireadh tús le hobair ar an tionscadal i mí Iúil

2014, agus meastar go mbeidh sé tugtha chun críche sa chéad ráithe de 2015.

Mheall forbairt an tionscadail maoiniú ó LEADER agus ón gClár Caipitil Spóirt, agus léiríonn rannpháirtíocht an phobail san fhorbairt sárchleachtas ó thaobh fhorbartha pobail.

SPÓIRT GNÍOMHACH LOCH GARMAN (COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT ÁITIÚIL)



Tá tionscadal i gcomhar idir Sports Active Wexford, Wexford Youths Women agus an FAI. Is é an sprioc atá leis cur le rannpháirtíocht faoi aois na mban i sacar sna sprioc-cheantair agus in aoisghrúpaí trí chóitseáil ar ardchaighdeán a chur ar fáil ó dhaoine áitiúla den scoth laistigh de phobal áitiúil féin na gcailíní.

Díríodh sa tionscadal ar chailíní ó chúlraí sóisialta éagsúla in iarracht níos mó cailíní idir na haoiseanna 13 agus 18 bliain d'aois a mhealladh chun a bheith gníomhach sa spórt. Thug foireann Women's National League i Loch Garman tacaíocht don tionscadal, agus chuaigh roinnt de na himreoirí ag obair go deonach chun grúpaí éagsúla a chóitseáil. Tugadh cuireadh do na grúpaí ansin chuig cluiche National League in iarracht na cailíní a spreagadh chun leibhéal níos airde gníomhaíochta a ghlacadh. Ghlac os cionn 35 cailín in aghaidh na seachtaine páirt sa chlár.

Sular thosaigh an clár ní raibh roinnt de na cailíní fiú cláraithe le clubanna áitiúla agus ní raibh aon tríú de na cailíní i mbun aon ghníomhaíocht fhisiciúil sa tseachtain. Spreag an tionscadal iad chun é sin a athrú agus páirt a ghlacadh sa spórt. Ó thaobh grúpaí óige, chruthaigh an clár nasc pobail maith agus tá rannpháirtithe ag iarraidh páirt a ghlacadh sa chlár arís.

Na Cluichí Go for Life

Fuair an imeacht seo tacaíocht ó Fhorbairt Áitiúil Loch Garman agus Astroactive Inis Córthaidh agus ghlac 40 duine níos sine agus

daoine faoi mhíchumas páirt sna laethanta oiliúna. Bhí próiseas i bhfeidhm chun foireann de 15 a roghnú chun ionadaíocht a dhéanamh ar Loch Garman. Sna cluichí ceannais náisiúnta, bhuaigh an fhoireann as Loch Garman 'Skiddels' agus tugadh gradam aitheantais speisialta do Kevin Molloy dá chuid oibre leis na grúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir.



Na daoine a ghlac páirt sna Cluichí Go For Life 2014

An tSeachtain Rothaíochta 16-22 Meitheamh 2014

Bíonn an tionscnamh náisiúnta seo á reáchtáil i gcomhar le Comhairle Chontae Loch Garman, agus leis an Oifigeach Rothaíochta nuacheaptha, Frank Burke. Ghlac 18 scoil páirt sna cúrsaí Scileanna Rothaíochta Scoileanna Náisiúnta, agus ghlac os cionn 600 scoláire páirt i seiceálacha sábháilteachta rothar agus foghlaim scileanna rothaíochta.

D'fhreastail 59 rannpháirtí ar an Lá Míchumais agus bhain siad an-sult as a bheith ag rothaíocht le rothair oiriúnaithe agus rothair le dhá roth i lárionad a bhí slán sábháilte ag Halla Loftus. Bhain na rannpháirtithe an oiread sin sásaimh as na gníomhaíochtaí, bhí roinnt daoine ann fiú arb é seo an chéad uair acu ag suí ar rothar riamh. Lá iontach! Ansin bhí Lá Míchumais Leanaí ann agus ghlac 20 duine óg páirt ansin.

Ghlac 50 duine páirt i Rothaíocht Teaghlaigh Inis Córthaidh a bhí eagraithe ag Frank Burke.

Rith an Rannóg Pobail feachtas feasachta rothaíochta freisin, iarraidh ar thiománaithe an bóthar a roinnt agus a bheith cúramach agus iad ag dul thar rothaithe (ag fágáil 1.5m ar a laghad idir iad agus na rothaithe). Cuireadh 16 comhartha in airde go straitéiseach ar fud Chontae Loch Garman mar chuid den fheachtas..



An tSeachtain Rothaíochta 2014

Moladh é sin mar thionscnamh iontach, agus thionscain an tOifigeach Rothaíochta nuacheaptha an feachtas lena fhoilsiú ar chúl fheithiclí Chomhairle Chontae Loch Garman. Tá físeán spreagtha á léiriú freisin.

Clár Cadhcála Sráide

Ba é an phríomhaidhm a bhí ag an gclár seo clár cóitseála canú a réachtáil do dhaoine óga. Seo cuspóirí agus gnéithe eile den chlár:

- Daoine óga a thógáil de na sráideanna agus iad a mhealladh chuig spórt nua thar thréimhse 8 seachtaine.
- Fuair na rannpháirtithe íosghradam cóitseála ó Canú Éireann le linn na thréimhse.
- Spreagadh a thabhairt do rannpháirtithe rud éigin dearfach a dhéanamh don phobal trí leas a bhaint as a scileanna cóitseála nua chun cuidiú leo daoine óga eile sa chlub canú a chóitseáil, nó le clubanna óige/gasóga, etc. ag cadhcáil ar feadh 3-8 seachtain (beidh cáilíocht ag rannpháirtithe don bhun-chóitseáil canú, agus déanfar taifeadadh ar uaireanta).
- Cáileoidh na rannpháirtithe go huathoibríoch don ghradam d'oibrithe deonacha.

As an 12 rannpháirtí bunaidh a thosaigh in 2010, tá triúr acu tar éis a ngradam mar Theagascóir Oiliúna Leibhéal 2 a bhaint amach. Faigheann an clár sin tacaíocht ó Óige Ros Mhic Thriúin agus ó Ionad Oideachais Lasmuigh Shíol Beagáin (OEC).

Is gnóthachtáil suntasach é seo do dhaoine óga ar mian leo anois leanúint le forbairt breisoideachais agus fostaíocht tríd an gclár seo.

Spraoi faoin nGrian 4-9 Lúnasa

Reáchtáladh an Campa Bliantúil Spraoi faoin nGrian thart ar chósta Chontae Loch Garman i gcomhar leis an FAI, Rugbaí Laighean, CLG Loch Garman, Club Cruicéid Wexford Wandereres agus Ionad Oideachais Lasmuigh Shíol Beagáin.


Ghlac 691 leanbh in iomlán idir 7 agus 14 bliain d'aois páirt sna campaí. Fuarthas aiseolas den scoth. Idir 2009 agus anois, tá 3,301 leanbh in iomlán théis páirt a ghlacadh san imeacht sin.

Leanann Sports Active Wexford ag cur slí mhaireachtáil fhisiciúil agus shláintiúil chun cinn sna pobail áitiúla i gContae Loch Garman.



Spraoi faoin nGrian 2014

LEABHARLANNA AGUS NA HEALAÍONA



D'éirigh le dhá thionscadal leabharlanna Gradam um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chumann Chomhlachas na hÉireann a bhuachan. Bhuaigh Tionscadal Staire Paróistí Loch Garman an Gradam do Thacú le Pobail Ghníomhacha 2014. Tugadh moladh mór do Mind Yourself, clár faisnéise agus féinchúnamh Loch Garman sa chatagóir Sláinte agus Sláinteachais.

Tugadh oibreacha athchóirithe ar Leabharlann Ros Mhic Thriúin chun críche faoi mhí an Mheithimh. Tá spásanna níos fearr, áiseanna féinseirbhíse agus ríomhfhoghlama níos fearr sa teirbhís nuachóirithe seo.



Limistéar Teaghlach & Páistí - Leabharlann Ros Mhic Thriúin

Seoladh Seirbhís Faisnéise Gnó Loch Garman i Leabharlann an Chontae i mí na Samhna. Comhthionscadal le Roinn Forbartha Eacnamaíochta na Comhairle, tugann sé tacaíocht taighde do dhaoine atá ag forbairt a gcuid gairme agus ag tosú nó ag forbairt deiseanna gnó. I measc buaicphointí Phlean Cuimhneacháin Deich mBliana na Comhairle, 'The Twisted Root of History', bhí:

- Lá Cartlannaithe Pobail le haighneachtaí á n-uaslódáil ar shuíomh gréasáin idirnáisiúnta Europeana.
- Tús le treoirthionscadal foghlama pobail [MOOC (cúrsa ollmhór oscailte ar líne) Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath] bunaithe ar 'Saol na nÉireannach le linn Cogaidh agus Réabhlóide: Iniúchadh ar Stair na hÉireann 1912-1923).
- Liosta molta de ríomhacmhainní maidir le Loch Garman agus WWI, agus bróisiúr maidir le John Redmond agus a cheangail le Loch Garman, chun céad bliain den Tríú Bille Rialtais Dúchais a chomóradh.



Bileog eolais faoi Ghnólachtaí Loch Garman

Tugadh cead rochtana ar líne do na nithe seo a leanas:

- Cóip de léarscáil Loch Garman (1811) de chuid Valentine Gill.
- Miontuairiscí Chomhairle Buirge Loch Garman (Bardas Loch Garman roimhe seo) don tréimhse 1776-2000.
- Bailiúchán Amharc-Ealaíona na Comhairle.

Tosaíodh i mbun pleanála don chéad Straitéis Ealaíon eile de chuid Chomhairle Chontae Loch Garman. In 2015 leagfar amach i gcreat polasaí bealaí idirghabhála leis na healaíona agus don fhorbairt leanúnach

Forbraíodh beartas chun bainistiú a dhéanamh ar Bhailiúchán Amharc-Ealaíona na Comhairle.

Cruthaíodh taispeántas sa Roinn Ealaíon de shaothair luath an ealaíontóra as an Rúis Ivan Slavinsky sa phríomhbhealach isteach ag Halla an Chontae san Fhómhar. Reáchtáladh clár oideachais i bhfoirm léachtaí leis an taispeántas.

D'éirigh go maith leis an bhliain phíolótach den Tionscadal Ealaín Bheo. Bunaíodh sin in chúig scoil agus d'oibrigh leanaí áitiúla agus oideachasóirí le healaíontóirí áitiúla agus bhíothas gníomhach leis an hamharc-ealaíon comhaimseartha.



Taispeántas Slavinsky ar taispeántas i Halla an Chontae.

AN COMHSHAOL

NITHE A BHAINÉANN LEIS AN gCÓSTA

Ar an gCóstal

- Bronnadh an gradam trá An Bhratach Ghorm ar ceithre thrá: Baile na Cúirte, Caisleán Mhurchú, Currach Cló agus Ros Láir. Bronnadh an Bhratach Ghorm do mharina ar Ché na Cille Móire agus ar Ros Mhic Thriúin.



- Le linn na bliana, lean an rannóg Comhshaoil i mbun monatóireachta ar éifeachtaí an chreimeadh cósta feadh an chósta go léir.
- Bronnadh an Bhratach don Chósta Glas ar thránna ina bhfuil caighdeán uisce den scoth, eolas faoin gcomhshaol agus rannpháirtíocht an phobail áitiúil i gceist, ar cheithre thrá, Baile na hEiscrí, Culleton's Gap, Cathóir agus Old Bawn.



Céanna & Calafóirt

- Le linn 2014, caitheadh os cionn €1,112,000 ar oibreacha feabhsúcháin agus ar obair athchóirithe stoirme ag céanna agus ag calafóirt, agus maoiníodh sin ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin suntasacha ag Calafort Loch Garman & ag Cé na Cille Móire. Áirítear orthu tabhairt chun críche an fhánáin nua agus an chosáin naisc ag Port an Chalaídh. Loch Garman agus rinneadh athchóiriú ar an damáiste mór stoirme a rinneadh lena n-áirítear rinneadh obair dheisiúcháin ar an marina, agus rinneadh oibreacha breise ar an promenade nua ag Cé na Cille Móire.

- Tugadh an spás poiblí a bhíodhas a thógáil ag Cé na Cille Móire chun críche freisin.
- Osclaíodh an Oifig Ballasta nua i Loch Garman in 2014.
- Earcaíodh Oifigeach Mara Cúnta i mí an Mhárta.
- I mí Iúil, aistríodh Marina Ros Mhic Thriúin ó Chomhairle Baile Ros Mhic Thriúin go dtí Comhairle Chontae Loch Garman.

UISCE, AER & TORANN

- Le linn 2014, rinne an rannóg Uisce, Aer agus Torann monatóireacht, tógadh samplaí, rinneadh anailís agus tuairiscíodh ar cháilíocht uisce, dramhuisce, aer, torann agus ar ghnéithe éagsúla eile den chomhshaol i gcomhar le reachtaíocht náisiúnta agus AE.
- Ba é 2014 an chéad bhliain iomlán a ndearnadh cigireachtaí faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta do Chórais Cóireála Dramhuisce Baile (umair shéarachais) de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012. Léiríodh ráta pass 50%. Táthar chun an líon láithreán a ndéanfar cigireacht orthu a ardú 100% in 2015.

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

- D'fhorghníomhaigh an fhoireann bhainistiú dramhaíola agus rinneadh monatóireacht ar cheadanna saoráide dramhaíola agus ar dheimhniúcháin gníomhaíochtaí ag os cionn 50 láthair ar fud an chontae.
- Imscrúdaíodh os cionn 350 gearán maidir le bainistiú dramhaíola in 2014. Baineadh leas as litreacha rabhaidh, fógraí forfheidhmithe faoi na hAchtaanna um Bainistiú Dramhaíola agus imeachtaí cúirte nuair a bhí gá chun réiteach a fháil orthu.
- Seo a leanas an cúig thosaíocht forfheidhmithe dramhaíola a imscrúdaíodh faoi Íoschritéir Molta maidir le Cigireachtaí Comhshaoil (RMCEI):
 - Rialacháin dramhbha tí a fheidhmiú,
 - rialú faoi rialacháin dramhaíola,
 - mar a chaitear le feithiclí ag deireadh a ré,
 - cigireacht ar láithreán líonta talún stairiúla agus
 - iniúchadh ar shruthanna dramhaíola tí ag láithreán ceadúnais dramhaíola / cead dramhaíola.

- Choimeád an rannán oibríochtaí dramhaíola dhá láithreán líonta talún dúnta, ceithre láithreán taitneamhachta sibhialta agus os cionn 100 láthair banc tabhartha ar fud an chontae.
- Áirítear ar na seirbhísí nua a tugadh isteach ag láithreáin taitneamhachta sibhialta dramhbhia, dramhaíl ghairdín agus dramhphéinteanna.
- Tugadh oibreacha caipíneacha chun críche ag Láithreán Líonta Talún Chill Liúráin.

BAINISTIÚ BRUSCAIR

- In 2014 ciontaíodh 17 cion bruscair sna cúirteanna.
- Fuair an Chomhairle 1,732 tuairisc i ndáil le bheith ag caitheamh bruscair nó dumpáil mhídhleathach in 2014.
- Rinne an criú thart ar 1,900 glanamh suas uilig le linn 2014.
- Os cionn 500 glanamh suas a bhí déanta ag an gCriú Freagartha Tapa le linn 2013.
- Baineann Comhairle Chontae Loch Garman leas as meascán de Mhaoir Phobail, Saorghlao in aghaidh an Bhruscair – 1800 DUMPED (1800 386733), foireann forfheidhmithe comhshaoil agus ceamaraí soghluaiste CCTV chun breith ar dhaoine a bhí ag dumpáil go neamhdhleathach, ar an tsráid, amuigh faoin tuath agus ag áiteanna a bhí luaite go mór le dumpáil agus bruscar.

Baineann Comhairle Chontae Loch Garman leas as an gCóras Náisiúnta Monatóireachta Truailithe Bruscair chun chomh forleathan agus atá truailiú bruscair sa chontae a thomhas. Déantar comparáid i dTábla D1 idir 2013 (an bhliain is déanaí atá ar fáil) agus blianta chomh fada siar le 2007.

Tábla D1

Bliain	Saor ó bhruscar	Beagán bruscair	Roinnt bruscair	Go leor bruscair	Lán le bruscar
2013	51.92%	39.42%	7.69%	0.97%	0%
2012	26.79%	60.71%	12.50%	0%	0%
2011	7.50%	82.50%	10%	0%	0%
2010	13.2%	53.9%	28.9%	3.9%	0%
2009	0%	75.3%	21%	3.7%	0%
2008	9.4%	55.2%	26%	9.4%	0%
2007	5.4%	60.9%	17.4%	16.3%	0%

An líon Fínealacha Bruscair a d'éisigh Comhairle Chontae Loch Garman 08-14

2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008
154	140	182	209	270	345	528

GINEARÁLTA

Rialú Madraí & Capall

- Bhí 17 madra sa phóna ag tús 2014 agus bhí 12 madra sa phóna ag deireadh na bliana.
- B'ionann costas na seirbhíse agus €223,574 agus bhí ioncam i gcomhar ann ó cheadúnais, fineálacha agus muirir de €165,578.
- Bhí seacht mbunachas pórúcháin madraí ar an gclár faoin Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010.

Rialú Madraí

Rialú Madraí	2014	2013
An líon madraí a bailíodh	1,289	1,254
An líon madraí a athshlánaíodh	162	130
An líon madraí a fuair baile nua	679	666
An líon madraí a cuireadh a chodladh	406	441
An líon madraí sa phóna Nollaig 2014	12	17

Rialú Capall

Control of Horses	2014	2013
An líon capall a cuireadh sa phóna ag ACS Ltd.	187	162
An líon capall a bhailigh a gcuid úinéirí	5	12
An líon capall a fuair baile nua	10	16
An líon capall a cuireadh a chodladh	172	132

Oideachas agus Feasacht Comhshaoil

CLÁR SCOILEANNA

- D'éirigh le 6 scoil a gcéad mBratach Ghlas a bhaint amach (an líon iomlán sa chontae: 93).



- Ghlac 52 scoil páirt i gceardlanna
- Thug 4 scoil cuairt ar Shaoráid Bhainistiú Dramhaíola Bhaile Hóm.
- Chuir 1,073 duine isteach ar an gComórtas Ealaíne Comhshaoil inar cuireadh Bogach Loch Garman chun cinn.



Emilius Bielis, Bunscoil CBS, Buaiteoir Bunscoile
-Comórtas Ealaíne Bogach Loch Garman

- Chuir an líon is mó is mó riamh isteach ar Chomórtas Athchúrsála na Nollag agus tá roinnt imithe ar aghaidh chuig craobh an chontae.
- Ghlac 6 scoil páirt i gceardlanna faoi chúram a dhéanamh don chósta.

COMÓRTAIS CHOMHSHAOIL

- Cuireadh an Comórtas Loch Garman a Choinneáil Galánta chun cinn go mór trí roinnt tionscadal den scoth ar fud an chontae.
- D'fhreastail os cionn 300 duine ar na Gradaim Comhshaoil a reáchtáladh i mí na Samhna.
- Fuarthas iontrálacha ar chaighdeán an-ard don Chomórtas Snap into Action agus don Chomórtas Seachtain Náisiúnta na gCrann.



Na Gradaim Comhshaoil, Na Buaiteoirí – An Abhainn Dubh

FEACHTAIS CHOMHSHAOIL

- Seoladh an Feachtas Feasachta Bruscair Guma. Tá sé mar aidhm leis bruscar guma a laghdú.
- Seoladh an Tionscnamh Green Dog Walker agus rinneadh poiblíocht mhaith air.



Green Dog Walker Initiative Launch

- Bailíodh 9,560 kg de dhramhaíl ghuaiseach ag an Lá bailiúcháin Dramhaíola Guaise a bhí ann an 2ú Feabhra in Ionad Athchúrsála Tí Inis Chóorthaidh.
- Tugadh aird ar conas dramhaíl ghuaiseach tí a chosc ag cainteanna agus ag imeachtaí pobail i rith na bliana.
- Ghlac Comhairle Chontae Loch Garman páirt i dtionscadal 'Níos Lú a úsáid agus tú cois Farraige' i gcomhar le Comhairlí Chontae Chiarraí agus an Chláir.

TIONSCNAIMH POBAIL

- Tugadh cúnamh do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara agus iad ag ullmhú do Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.
- Scaip an Scéim Crainn do Loch Garman 6,784 crann agus fálú ar 160 grúpa pobail.
- Mionghearradh 1,984 crann Nollag in iomlán ag sé n-ionad éagsúla sa chontae.
- Tugadh an Dúshlán Stop a chur le Cur Amú Bia chun críche le Bailte Slachtmhara Loch Garman.
- Cuireadh an teachtaireacht 'Cosc ar Chur Amú Bia' chun cinn ag Seó Talmhaíochta Chill Laig, Féile Mara Loch Garman, Féile Bia Loch Garman agus Expo Loch Garman.



Taispeántas de Chosc ar Chur Amú Bia

- Bhí Seimineár ar siúl i mí an Mhárta faoi Chúram don Chósta. Cuireadh Seachtain Cósta Glan chun cinn chomh maith le 2 Nóiméad chun an Trá a Ghlanadh Suas agus oibríodh go dlúth le grúpaí Cúraim Cósta.
- Bronnadh an gradam Scoil na Bliana don Chúram Cósta Náisiúnta ar Scoil Náisiúnta Poulfur agus bhronn An Taisce an gradam don Ghrúpa Cúraim Chósta ar Chlub Fo-Uisce Loch Garman.
- Reáchtáladh Glantachán Náisiúnta an Earraigh le linn mhí an Aibreáin agus bhí 260 glantachán pobail ar bun. Tharla an glanamh pobail is mó sa tír ag Cé na Cille Móire.

ÚSÁID FUINNIMH

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2014

In 2014, d'ídigh Comhairle Chontae Loch Garman 16,210 MWh fuinnimh, comhdhéanta de:


- 7,825 MWh de leictreachas.
- 8,375 MWh* de bhreoslaí teirmeach agus iompair. *measta
- 1,052 MWh d'fhuinneamh in-athnuaite.

B'ionann an fuinneamh iomlán a idíodh in 2014 agus 24,140 MWh; bhí an laghdú 33% ann den chuid is mó mar gheall ar aistriú na láithreáin seirbhíse uisce chuig Uisce Éireann.

Ní é an leictreachas an foinse fuinnimh is mó a thuilleadh a idíonn Comhairle Chontae Loch Garman, ach bíonn táirgeadh an leictreachais freagrach as an líon is airde astuithe cheaptha teasa. Ó thaobh ídiú Leictreachais, d'úsáid Seirbhísí Uisce 7% den líon iomlán leictreachas a úsáideadh, tháinig ardú ar shoilse Poiblí ó 28% in 2014 go dtí 60%, agus bíonn foirgnimh phoiblí freagrach anois as 28% den ídiú leictreachais iomlán.


2014 % kWh Electricity Consumption

Water Services Public Lighting Buildings Environment



Léirítear sa chart thíos an tionchar a bhí ag Uisce Éireann ar ídiú fuinnimh na Comhairle in 2014. Léiríonn an láithreán taitneamhachta sibhialta nua breise ardú ar éigin ar úsáid fuinnimh ag an rannán Comhshaoil, agus tháinig ardú ar fhoirgnimh phoiblí mar gheall ar fhoirgneamh nua don leabharlann a osclaíodh i Loch Garman.

Electricity Comparison 2013 2014 MWh



Breosla Iontaise

Áirítear le breosla iontaise breosla a úsáidtear d'iompar mar aon le breosla a úsáidtear don téamh, mar cheirisín, LPG agus ola don chóras teasa. Ní mór cruinneas na sonraí maidir le breosla a fheabhsú chun go ndíreofar ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht breosla.

Fuinneamh In-Athuaite

Tá sprioc fuinnimh in-athnuaite foriomlán de 16% leagtha síos d'Éirinn den ídiú iomlán deiridh chun teacht ó fhuinneamh in-athnuaite faoin mbliain 2020. Tá Comhairle Chontae Loch Garman ag 6.5% den ídiú iomlán deiridh faoi láthair, agus tagann 12.5% den bhreosla iomlán ó fhuinneamh in-athnuaite.

Leanann úsáid chórais téamh adhmaid i bhfoirgnimh na Comhairle ag cur leis na spriocanna fuinnimh inathnuaite. Laghdaíonn an fuinneamh in-athnuaite costas fuinneamh na Comhairle, ardaíonn sé fostaíocht áitiúil agus laghdaíonn sé go mór astuithe gáis cheaptha teasa.

Gníomhartha a Rinneadh in 2014

In 2014 d'fheabhsaigh Comhairle Chontae Loch Garman a bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Cuireadh soilse nua in airde i Leabharlann Ros Mhic Thriúin.
- Rinneadh oibreacha ar an bhfoirgneamh ag Oifig an Mháistir Cuain, Cé Crescent.
- Suiteáladh soilse poiblí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh.

Gníomhartha atá Beartaithe do 2015

In 2015 leanfaidh Comhairle Chontae Loch Garman ag cur feabhais ar fheidhmíocht fuinnimh leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Iniúchtaí fuinnimh ag Oifigí Ceantar Bardasach in Ros Mhic Thriúin agus Inis Córthaidh.
- Feachtas Feasachta Fuinnimh.
- Feabhas ar éifeachtúlacht soilse poiblí.

Laghdaigh aistriú láithreáin na seirbhísí uisce go hUisce Éireann go suntasach méid ídithe fuinnimh sa Chomhairle in 2014. Is ar shoilse poiblí anois a bhíonn an úsáid is mó fuinnimh ar an gComhairle agus ní mór dó sin anois a bheith mar thosaíocht maidir le caomhnú fuinnimh.

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN CHONTAE LOCH GARMAN



Creast do Bhainistiú Mór-Éigeandála

Rinne an Grúpa Oibre Réigiúnach do Bhainistiú Mór-Éigeandála maoirseacht ar chomh ullamh agus a bhí Comhairle Chontae Loch Garman do Mhór-Éigeandáil i mí Dheireadh Fómhair 2014. Áirítear ar an gClár Forbartha Mór-Éigeandála don bhliain oiliúint agus forbairt ar an bpríomhfhoireann.

Rinne an Grúpa Oibre Réigiúnach do Bhainistiú Mór-Éigeandála maoirseacht ar chomh ullamh agus a bhí Comhairle Chontae Loch Garman do Mhór-Éigeandáil i mí Dheireadh Fómhair 2014. Áirítear ar an gClár Forbartha Mór-Éigeandála don bhliain oiliúint agus forbairt ar an bpríomhfhoireann.

Tá Clár Athléimneachta Pobail á fhorbairt faoi láthair freisin do Réigiún an Oirdheiscirt chun feabhas a chur ar chomh ullamh agus a bheifí i gcás éigeandála, an freagra a bheadh ann, chomh maith le hathshlándáil i gcás éigeandála.

Sábháilteacht Dóiteáin

Cuirtear an tÚdarás ar an eolas go bliantúil faoi gach iarratas chuig na Cúirteanna Dúiche agus Cuarda maidir le ceadúnais. I rith na bliana, fuarthas 139 fógra. I ngach aon chás, cuireadh an Chúirt agus an t-iarratasóir ar an eolas faoi na coinníollacha a mhol an tÚdarás Dóiteáin agus áiríodh iad sin leis an gceadúnas a d'eisigh an Chúirt. In 95 cás, agus cigireacht a bheith déanta, b'éigean don iarratasóir oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta dóiteáin riachtanacha a dhéanamh chun sástachta an Údaráis Dóiteáin sula bhféadfaí an ceadúnas a eisiúint.

Le linn na bliana, rinneadh 201 cigireacht ar raon leathan cineálacha áitreabh. Mar thoradh ar an gclár cigireachta seirbheáladh litreacha feabhsúcháin ar 15 áitreabh mar gheall ar ábhair imní sábháilteachta dóiteáin suntasacha.

Sábháilteacht Dóiteáin Pobail

Bhí Seachtain Sábháilteachta Dóiteáin ann i mí Dheireadh Fómhair 2014, ba é téama na Seachtaine 'Na Daoine is mó a bhíonn i mbaol ó Thine a Chosaint'. Don tSeachtain

Sábháilteachta Dóiteáin agus do thréimhse na Nollag, cuireadh teachtaireachtaí sábháilteachta dóiteáin tábhachtacha sna páipéir áitiúla agus ar shuímh idirlín na Comhairle agus ar Twitter.

Mar chuid den Chlár Sábháilteachta Dóiteáin sna Bunscoileanna Náisiúnta, fuair thart ar 2,000 dalta i rang a trí teachtaireacht maidir le sábháilteacht dóiteáin. Áiríodh air sin lucht múchta dóiteáin ag tabhairt cuairte ar bhunscoileanna agus ag tabhairt ceachta maidir le sábháilteacht dóiteáin sa seomra ranga. I rith na bliana ar fad, nuair a bhí sin indéanta, cuireadh an teachtaireacht maidir le sábháilteacht dóiteáin in iúl don phobal.



Cuairt scoile ar Bhunscoil Mhuire Lourdes Bhun Clóidí, Contae Loch Garman

Rialú Foirgnimh – Cuid B Sábháilteacht Dóiteáin

Fuarthas na hiarratais deimhniúcháin sábháilteachta dóiteáin a leanas in 2014:

An Cineál Iarratais	No.
Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin	87
Deimhniú sábháilteachta dóiteáin athbhreithnithe	3
Deimhniú sábháilteachta dóiteáin Fógra 7-Lá	6
Deimhniú rialaithe	10
Iomlán	106

Le linn 2014, eisíodh 17 fógra d'fhorbróirí a mbeadh iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteáin uathu. I bhformhór na gcásanna sin, rinneadh iarratas ina dhiaidh sin ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteáin.

Sa bhreis air sin, rinne oifigigh dóiteáin 37 cigireacht faoi Alt 11 den Acht um Rialú Foirgníochta 1990. Le linn na bliana eisíodh 71 tarchuir phleanála agus eisíodh comhairle leo. Maidir le forbairtí móra éagsúla a bhí idir lámha ar fud an chontae, reáchtáladh cruinnithe réamh-iarratais i roinnt cásanna.

Pleanáil réamhtheagmhais

Leanadh le clár pleanála réamhtheagmhais na Seirbhíse Dóiteáin in 2014. Áiríodh air briogáid dóiteáin ag déanamh cigireachta ar áitribh ardriosca agus ag cur plean le chéile chun freagairt do theagmhas ag áitreabh mar é. I rith na bliana, tugadh cuairteanna pleanála réamhtheagmhais ar áiteanna éagsúla mar iad seo a leanas:

- **Ceantar Loch Garman** – Atlantic Industries, Danone Nutricia, Medentech agus Roche Freight.
- **Ceantar Ghuaire** – Meánscoil Creagh agus Tesco.
- **Ceantar Inis Córthaidh** – Clonroche Mills.
- **Ceantar Ros Mhic Thríúin** – Culcita, stáisiún cumhachta Endesa Ireland agus Green Bio Fuels.
- **Ceantar Bhun Clóidí** – Óstán Millrace, Slaney Foods.

Sa bhreis ar na cuairteanna sin chun aithne a chur ar na háiteanna, rinne briogáid cleachtaí i roinnt cásanna chun feabhas a chur ar oiliúint chun déileáil le teagmhais ag láithreáin mar iad.

Oiliúint

Rinne Seirbhís Dóiteáin Chontae Loch Garman clár iomlán oiliúna i rith na bliana. Sa bhreis ar an dá uair an chloig caighdeánach den oiliúint seachtainiúil sa stáisiún, rinneadh cúrsaí oiliúna éagsúla do thosaitheoirí chomh maith le cúrsaí athnuachana. D'eagraigh Seirbhís Dóiteáin Chontae Loch Garman cúrsa seachtaine d'oiliúint oifigigh óga do dheichniúr pearsanra.

Seo a leanas roinnt de na croí-chúrsaí oiliúna a rinne Seirbhís Dóiteáin Chontae Loch Garman i rith na bliana:

- Gaireas análaithe agus oiliúint iompair dóiteáin na roinne.
- Cúrsaí d'Oifigigh Stáisiúin agus d'Oifigigh Fostáisiúin.

- Imbhualadh tráchta bóthair.
- Oiliúint d'earcaigh.
- Ardtiomáint.
- Oibriú caidéil.



Cleachtadh Imbhualadh Tráchta Bóthair (RTC) ag Séipéal Chluain Ard.



An tSeirbhís Dóiteáin ag freastal ar Oiliúint Iompair Dóiteáin na Roinne (CFBT) ag Baile Haicéid, Contae Cheatharlach

Teagmhais

D'fhreastail an tseirbhís dóiteáin ar 835 teagmhas in iomlán in imeacht na bliana. Is é seo a leanas miondealú ar na teagmhais ar freastalaíodh orthu de réir stáisiúin:

AN CINEÁL TEAGMHAIS	LOCH GARMAN	GUAIRE	INIS CÓRTHAIDH	ROS MHIC THRIÚIN	BUN CLÓIDÍ	IOMLÁN
Dóiteáin Simléir	63	27	33	27	7	157
Dóiteáin Tí	29	12	16	7	2	66
Timpiste ar Bhóthar	15	17	15	19	1	67
Dóiteán Tionscail	3	0	0	0	1	4
Dóiteáin Tráchtála	4	1	2	1	0	8
Dóiteáin in Áiteanna Tionóla	4	0	1	0	0	5
Dóiteán Talmhaíochta	1	2	5	3	0	11
Mótarfheithiclí	14	18	21	11	5	69
Coill/Portach/Féar Etc.	26	23	17	14	11	91
Dóiteán Dramhaíola	31	11	25	6	6	79
Tarrthálacha nár bhain le Dóiteán	7	2	1	3	1	14
Bréagrabhadh- Deathoil	66	50	44	27	7	194
Bréagrabhadh – Intinn Mhailíseach	3	0	0	3	0	6
Eile	21	14	13	12	1	61
Iomlán	287	177	193	133	42	832



COSAINN SHIBHIALTA



Seirbhís ar leith is ea an tSeirbhís Cosanta Sibhialta sa mhéid is gur feidhmeannas de chuid na Comhairle í atá reáchtáilte ag oibrithe deonacha a chuireann a gcuid ama ar fáil d'fhonn freastal ar an bpobal áitiúil. Is é cuspóir na seirbhíse freagairtí cosanta sibhialta i dtaca le fóirithint agus le tacaíocht éigeandála a éascú trí Údaráis Áitiúla chun seirbhísí rithabhachtacha a áirithiú agus an saol poiblí a choinneáil. Is iad an Roinn Cosanta agus Comhairle Chontae Loch Garman a thugann cúnamh deontais suntasach don fheidhmeannas seo.

Cuspóirí

- Leanúint ag cur tacaíocht chomhordaithe ar fáil d'éigeandálaí agus d'imeachtaí pobail.
- Leanúint a bheith gníomhach i bpleanáil agus i bhfreagairt mór-éigeandálaí agus drochaimsire.

Oiliúint

Is iomaí sin cúrsa ar a fhreastal na baill agus ar éirigh leo a chríochnú chun na hardchaighdeán a bhí acu cheana a fheabhsú tuilleadh, chomh maith le cur lena scileanna agus lena n-oiliúint sa Chosaint Shibhialta.



An Chosaint Sibhialta gníomhach in oiliúint ar an tSláine

Cúrsaí

Tugadh na cúrsaí seo a leanas do Theagasóirí a sheachaid an Coláiste Cosanta Sibhialta chun críche go sásúil:

- Tarrtháil Rópa Maoirseoir – 2 cáilithe
- Teagascóir do Scileanna Allamuigh – 1 cáilithe
- Bainistiú Cuardaigh – 2 cáilithe
- Cúrsa d'oibritheoirí scileanna allamuigh - 7 cáilithe
- Mearuisce & Teiceoirí Tuilte – 4 cáilithe
- Mearuisce & Teagascóir Freagartha Tuilte – 1 cáilithe
- Teagascóirí a bhaineann le Láimhsíú - 3 cáilithe
- Idirghabháil Géarchéime Grúpa agus Idirghabháil Géarchéime Aonair – 2 cáilithe
- Teagascóir CFR – 2 cáilithe
- Ard-Teagascóir CFR – 1 cáilithe
- Cúrsa ard-oibreoirí CFR – 18 cáilithe
- Cúrsaí oibreoirí CFR – 12 cáilithe
- Teagascóir OFA – 2 cáilithe
- Cúrsa EMT – 10 cáilithe

Ina theannta sin, cuireadh cúrsaí a thug teagascóirí áitiúla de chuid na Seirbhíse Cosanta Sibhialta d'oibrithe deonacha de chuid na Seirbhíse Cosanta Sibhialta agus do bhaill foirne de chuid Údaráis Áitiúla Loch Garman i gcrích go rathúil, mar iad seo a leanas:

- Pobal An Chéad-Gharchabhair Chairdiach (CFR) 18 cáilithe
- Garchabhair Oibre (OFA) 37 oibrí deonach, 49 d'Fhoireann Údarás Áitiúil Loch Garman
- Mearuisce & freagróirí Tuilte – 2 cáilithe
- Cúrsa Sábháilteacht Bia agus tusa – 7 cáilithe
- Glan-oibreoir Raidió Comms UGF – 12 cáilithe
- Cúrsaí oibreoirí CFR – 12 cáilithe

- Cúrsaí EFR – 24 cáilithe
- D1 Cúrsaí tiomána – 5 cáilithe

Eile

- Clár Vaicsáinthe in aghaidh an Fhliú Éanúil
- Clár Vaicsáinthe in aghaidh Heipitéas B agus an Teiteanais
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Cosaint Leanaí agus Oiliúint
- Measúnaithe Tiomána

Dualgais Phoiblí 2014

Is ionann Dualgais Phoiblí agus imeachtaí áitiúla mar imeachtaí spóirt, rásaí seilge, bailiúcháin airgid do charthanais, ceolchoirmeacha, seónna talmhaíochta, paráidí, féilte, chomh maith le Siúlóid Chósta Chlub na Leon, Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman agus Féile Mara Loch Garman. Sholáthair oibrithe deonacha de chuid na Seirbhíse Cosanta Sibhialta clúdach otharcharr agus garchabhrach ar fáil i gcás timpiste nó éigeandála, chomh maith le clúdach báid sábháilteachta. Tarrháladh fear in Inis Córthaidh ag ceann de na himeachtaí sin in 2014. Chlúdaigh an tSeirbhís Chosaint Sibhialta, le tacaíocht ó Chomhairle Chontae Loch Garman, 68 imeacht poiblí mar sin, ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí.

Cuardach do dhaoine a bhíonn ar iarraidh

Bhí an tSeirbhís Cosanta Sibhialta gníomhach i gcuardaí do bheirt a bhí ar iarraidh.

Lá Oiliúna sa Chontae

Reáchtáladh lá Oiliúna do na Seirbhísí go léir Dé Domhnaigh an 16ú Samhain, 2014, ag Ceanncheathrú Oiliúna na Seirbhíse Cosanta Sibhialta, Ard Chaomhán agus na láithreáin máguaird. Reáchtáladh dinnéar comórtha in Óstán Riverbank an tráthnóna sin ar ar fhreastal an Cathaoirleach Chomhairle Chontae Loch Garman, An Comhairleoir Malcolm Byrne, an Stiúrthóir Seirbhísí An tUasal John Carley, agus an PríomhOifigeach Cúnta, Coláiste Cosanta Sibhialta, An tUasal Seamus Murray.

Bronnadh duaiseanna ar an bhfoireann measúnaithe is fearr agus bronnadh boinn fadseirbhíse 10 mbliana agus 20 bliain chomh maith le deimhniúcháin ar theagascóirí agus ar oibrithe deonacha do na cúrsaí éagsúla ar a bhfuair siad cáilíocht i rith na bliana.

Dublin Castle Medal Ceremony

Reáchtáladh searmanas bonn i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an Aoine an 21 Samhain d'oibrithe deonacha na Seirbhíse Cosanta Sibhialta ó ar fud an chontae chun aitheantas a thabhairt do na chéad bhaill ar éirigh leo seirbhís 30, 40 agus 50 bliain a chaitheamh leis an tSeirbhís Cosanta Sibhialta.

Bhronn an tAire Paul Kehoe na boinn agus fuair 11 ball ó Chontae Loch Garman boinn 30 bliain agus fuair aon bhall amháin bonn 40 bliain.



Bronnadh na mbonn do fadseirbhíse ag Caisleán Bhaile Átha Cliath

ACMHAINNÍ DAONNA

Human Resources

In imeacht 2014 bhí struchtúr an rialtais áitiúil in Éirinn faoi réir na n-athruithe ba raidiciúla le blianta fada. I ndiaidh na dtoghchán áitiúla in 2014, díscaradh na comhairlí buirge agus bailte agus ó Mheitheamh 2014 bunaíodh aon chomhlacht rialtais áitiúil amháin don chontae, i.e. an Chomhairle Chontae. Sa bhreis ar sin, cruthaíodh ceithre Cheantar Bardasach, ceann in aon cheann de na ceithre thoghcheantar.

I rith an dara cuid de 2013 bhí an Rannóg Acmhainní Daonna (HR) páirteach go gníomhach in idirphlé le hionadaithe foirne i ndáil leis an mór-athrú seo agus an tionchar a bheadh aige ar ár gcuid fostaíthe, laistigh agus lasmuigh. Leanadh leis an rannpháirtíocht ghníomhach sin sa chéad chuid de 2014, agus ba é an toradh a bhí air sin athlonnú líon mór de bhaill foirne, go háirithe, foireann oifigbhunaithe, óna bpoist ar an gcomhairle baile go dtí ceanncheathrú na Comhairle i Loch Garman.

In Aibreán 2014 díscaradh Bord Fiontar Chontae Loch Garman (CEB) freisin agus bunaíodh an Oifig Fiontar Áitiúil (LEO) agus cinneadh an oibríocht sin go léir, an fhoireann san áireamh, a aistriú chuig ceanncheathrú na Comhairle. Cé gur aontaíodh an creat feidhmiúcháin don aistriú sin ag an leibhéal náisiúnta, bhí ról rithábachtach ag an Rannóg HR go háitiúil, chun cuidiú le foireann an CEB ar a bhí chun lánpháirtíú san údarás áitiúil.

In 2014 reáchtáil an Rannóg HR 17 comórtas earcaíochta. Rinne thart ar 550 duine aonair iarratas ar na poist éagsúla a bhí ar tairiscint, agus glaoth ar thart ar 300 acu chun agallaimh. Rinneadh 31 ceapachán in iomlán, chuig poist shealadacha agus bhuana araon, le linn na bliana

Bhí an Rannóg HR iad féin an-ghníomhach le tionscnaimh fostaíochta a fuair tacaíocht ón Rialtas, agus earcaíodh 13 duine aonair faoin Scéim Náisiúnta Intéirneachta (JobBridge). Sa bhreis air sin, fostaíodh 34 duine a bhí dífhostaithe san fhadtéarma faoi Scéim Gníomhachtaí Oibre na nÚdarás Áitiúil ar a dtugtar 'Gateway'. Díríodh leis an scéim seo go príomha ar ghníomhaíochtaí oibre lasmuigh, tugadh tréimhse oibre 22-mí de 19.5 uair sa tseachtain /39 uair sa choicís do ran-

npháirtithe, agus tugadh íocaíocht bhreise ar an airgead a bhíodas i dteideal ón leas sóisialach.

I mí an Mhárta 2014 tháinig na Rialacháin um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí (saoire bhreioiteachta) i bhfeidhm. Bhí athruithe bunúsacha sna rialacháin sin ar theidlíochtaí saoire bhreioiteacha na bhfostaithe sa tseirbhís poiblí. Bhí na hathruithe sin mar chuid den Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) agus Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), agus táthar mar chuid de thionscnaimh an Rialtais atá dírithe ar bhainistiú tinrimh feadh na seirbhíse poiblí.

In 2012, bunaíodh Grúpa Pleanála Fórsa Oibre, comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, na húdaráis áitiúla agus ón nGníomhaireacht Bainistithe Rialtais Áitiúil. Leagtar amach i dtuarascáil an ghrúpa, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2012, na paraiméadair a mbeadh ar na húdaráis áitiúla riachtanais a bhfoirne a mheas as sin amach.

I rith 2014 bhí an Rannóg Acmhainní Daonna gníomhach in ullmhú Plean Fórsa Oibre d'fhórsa oibre laistigh na Comhairle. Cuireadh an plan chun cinn ina dhiaidh sin chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus beidh sin mar bhonn amach anseo agus iarratais ar phoist riaracháin, ghairmiúla agus theicniúla á meas. Sa ráithe dheireadh de 2014, thosaigh an Rannóg HR ag ullmhú Plean Fórsa Oibre d'fhórsa oibre lasmuigh na Comhairle agus bheadh súil acu é sin a bheith tugtha chun críche sa chéad ráithe de 2015.

Oiliúint Foirne

Tá an tAonad Oiliúna, laistigh den Rannóg HR, freagrach as soláthar oiliúna do gach fostaí agus soláthraítear deiseanna dóibh chun cur lena neolas agus lena scileanna. In 2014 lean an Chomhairle ag seachadadh agus i mbun meastóireachta ar chlár oiliúna agus forbartha don fhoireann chun freastal ar riachtanais a bhí aitheanta. Cuireadh raon leathan cúrsaí ar fáil agus áiríodh orthu oiliúint sláinte agus sábháilteachta reachtúil agus oiliúint intí.

D'fhreastail 608 ball foirne in iomlán ar chúrsaí éagsúla in imeacht na bliana. Áirítear ar na cúrsaí sin:

- Oiliúint Feasacta Cosanta Leanaí
- Oiliúint Seirbhíse Custaiméirí
- Comharthaíocht CSCS , Soilse agus Gardáil Oiliúint
- An Deimhniú d'Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaithe (CPC)
- Safe Pass FÁS
- Láimhsiú
- Garchabhair Saothair

Nuair ab fhéidir, seachadah oiliúint go háitiúil trí oiliúnóirí seachtracha a thabhairt isteach chuig ionad áitiúil. Lean Ionad Oiliúna Réigiúnach Ros Cré ag soláthar seirbhíse oiliúna den scoth chun freastal ar an éileamh níos mó ar sheachadadh cláir oiliúna deimhniúcháin don fhoireann Bóithre, Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce faoi na Scéimeanna Deontais Oiliúna faoi seach.

Thacaigh an Chomhairle le baill foirne freisin ar mhain leo cláir bhreisoideachais a dhéanamh trí chúnamh airgeadais a thabhairt do tháilli cúrsa agus saoire íoctha do chríocha staidéir/scrúduithe.

In iomlán, leithroinneadh 1,755 daonlaethanta don oiliúint foirne le linn 2015.

SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Sábháilteacht Bia

Déanann an Rannóg Tréidliachta i gComhairle Chontae Loch Garman a rialuithe oifigiúla i seamlais áitiúla agus in áitribh déantúsaíochta feola beaga i gContae Loch Garman.

Bíonn gach seamlas agus mionáitreabh déantúsaíochta feola ceadaithe faoi rialacháin sábháilteachta bia an AE. Tugann an ceadú sin cead don áitreabh táirgí ainmhithe laistigh den AE a thrádáil.

Comhlíonann an Rannóg Tréidliachta rialuithe ag na háitribh sin faoi chonradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Rachaidh an conradh reatha in éag in 2016. Maoiníonn an Roinn Sláinte gach dualgas a chomhlíontar faoin gconradh.

Tá dhá sheamlas áitiúil i gContae Loch Garman. Ní mór cigireacht a dhéanamh ar do gach ainmhí a mharaítear sula maraítear iad agus nuair a bhíonn siad básaithe agus is Cigirí Tréidliachta údraithe a dhéanann na cigireachtaí sin. Cuirtear marc sláinte ar gach conablaigh a bhreithnítear atá sábháilte don duine le hithe. Tá aon oibríocht maraithe turcaí séasúrach amháin cláraithe le Comhairle Chontae Loch Garman.

Déantar cigireacht ar mhionionaid déantúsaíochta bia chun a chinntiú go dtáirgtear táirgí agus go ndáiltear iad faoi chórais bhainistithe sábháilteachta bia cuí. Tá trí ionad déantúsachta agus trí ionad dáilte i gContae Loch Garman.

Tá an staidreamh agus na haischuir ó na seamlais agus ó na háitribh déantúsaíochta feola do 2014 le fáil san iarscríbhinn.

Zónóisí

Is ball é/í an tOifigeach Tréidliachta de Choiste Réigiúnach an Oir-Dheiscirt um Zónóis. Trí oideachas, cumarsáid agus imscrúduithe epidéimeolaíochta oibríonn an coiste chun scaipeadh galair thógálacha ó ainmhithe go dtí daoine a chosc.

An Scéim Faire Sláinte Ainmhithe

Oibríonn an Rannóg Tréidliachta scéim faire sláinte ainmhithe ar fheirmeacha a bhíonn gar don láthair líonta talún ag Baile Hóm. Is é cuspóir na scéime stádas sláinte ainmhithe na dtréada i gceantar máguaird na saoráide líonta talún a úsáid mar shampla faire chun guaiseacha comhshaoil sláinte daonna féideartha a mheas.

Bítear ag faire tréada trí thástálacha fola chun monatóireacht a dhéanamh ar pharaiméadair haemaiteolaíochta agus bithcheimiceach, stóráiltear samplaí séiream, plasma, fíocháin agus bainne chun anailís a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin, déantar scrúduithe iarbháis mar a bhíonn gá agus bailítear sonraí táirgíochta. Bailíodh sonraí táirgíochta agus samplaí le linn na bliana.

Oibríonn an Rannóg Tréidliachta go dlúth leis an Rannóg Tréidliachta i gComhairle Chontae Chorcaí a oibríonn scéim faire den chineál céanna, ach atá níos forleithne, ar thréada déiríochta gar do cheantar choimpléacs tionsclaíoch mór i réigiún Chuan Chorcaí.

Iarscríbhinn – 2014 STAIDRIMH

An tSeirbhís Sláinteachais Feola 2014

An líon cigireachtaí sláinteachais	59
An líon samplaí a ndearnadh anailís orthu	91
An líon cigireachtaí feola	416

Aischiúir Seamlais Bliantúla 2014

	Eallach	Caoirigh	Muca	Gabhair
An líon ainmnithe a ndearnadh cigireacht orthu	579	2682	946	78
Diúltuithe ar scrúduithe roimh bháis	1	1	0	0
Conablaigh a daoradh go hiomlán	0	7	0	0
Conablaigh a daoradh i bpáirt	3	0	0	0
Orgáin amháin a daoradh	89	291	61	0

EILE

Ceadúnais Madraí

Eisíodh 7,834 Ceadúnas Madraí in iomlán in 2014.

Seo a leanas gach cineál ceadúnais a díoladh:

Ceadúnas Madra Aonair €20 an ceann 7810

Ceadúnais Ghinearálta €400 an ceann 24

Clár na dToghthóirí

An Líon Vótóirí i nDáilcheantar Loch Garman	109,987
An Líon Vótóirí Speisialta agus Posta	724
An Líon Ceantar Vótaíochta (Aonaid den Chlárann)	126
An Líon Fógraí Scriosta arna eisiúint i ndáil le hainmneacha Vótóirí a bheith á scrios ó bhlianta roimhe sin	5,107
An líon breisithe, scriosaithe agus ceartúcháin ar Chlár 2013/2014 chun an Clár 2014/2015 a dhéanamh	12,088
No. of Voters on Draft Register printed on 1 November 2014	109,725
An Líon Vótóirí ar an Dréacht atheagraithe An Clár arna phriontáil an 1 Samhain 2014	1,175

Reáchtáladh na Toghcháin Áitiúla in 2014 agus mar ullmhúchán chuige reáchtáladh roinnt seisiún eolais ar Chlár na dToghthóirí.

Ba é an chúis a bhí leis sin a chinntiú go mbeadh an pobal in ann teacht gan stró ar Chlár na dToghthóirí chun féachaint an rabhadar cláraithe go cuí roimh an toghchán. Thug an méid sin ár seirbhís níos gaire don phobal agus chuidigh leis an rannóg ina gcuid iarrachtaí clár níos cruinne a bheith ann.

Reáchtáladh na Seisiúin sna leabharlanna i Loch Garman, i Ros Mhic Triúin, i nGuaire agus in Inis Córthaidh i mí an Mhárta agus Aibreáin 2014. Tugadh deis do dhaoine ag na seisiúin sin teacht agus féachaint an raibh siad ar Chlár na dToghthóirí, chun a chinntiú go mbeadh ar a gcumas vóta a chaitheamh sna Toghcháin Áitiúla an 23 Bealtaine 2014.

Deontais do Mhic Léinn 2014 – 2015

De bhrí go ndéantar gach iarratas ar líne chuig aon údarás dámhachtana amháin, Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), tríd an láithreán gréasáin www.studentfinance.ie, lean an líon deontas arna ndámhadh ag an Údarás Áitiúil ag laghdú. Bhí 109 athnuachan ann in 2014.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Deontas na Mac Léinn 2014 an 7 Bealtaine 2014. Ní raibh aon athruithe ar theorainneacha ioncaim ná ar dheontais chothabhála. Ach áiríodh roinnt íocaíochtaí / ioncaim eile mar 'ioncam a d'fhéadfaí neamhaird a dhéanamh orthu' agus áiríodh íocaíochtaí breise mar Íocaíochtaí Incháilithe.

Mar a luadh roimhe seo ardaíodh Ranníocaíocht na Mac Léinn chuig €2,750.

Nochtadh Cosanta

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta in 2014.

AN tSRÁID

Agus tú ag dul isteach i gceanncheathrú nua Chomhairle Chontae Loch Garman san Charraig Leathan, is údar mór iontais é méid agus scála an fhorhalla a ritheann fud fad an fhoirgnimh. Tá Rannóga éagsúla na comhairle ar gach aon taobh den halla sin, bheartaigh na hailtirí a dhear é go mbeadh an foirgneamh leagtha amach mar seo chun go mbeadh cosúlacht sráide ar an áit – agus go mbeadh nasc idir na rannóga éagsúla go léir.

‘An tSráid’ a thugtar ar an spás sin anois, agus is áit iontach é chun taispeántais agus ócáidí a réachtáil ann.

Reáchtáladh roinnt imeachtaí ar éirigh thar cionn leo ann in 2014, lena n-áirítear:

Love Fashion, Love Wexford

Reáchtáil Cumann Tráchtála Loch Garman Seó Faisin Love Fashion, Love Wexford ar an tSráid an 20 Meán Fómhair 2014. D’éirigh thar cionn leis an ócáid sin, a raibh Bláthnaid Ní Chofaigh mar óstach air agus ritheadh é chun tacú leis an tseirbhís chomhairleoireachta Its Good to Talk.

Bhíodh an seó á réachtáil roimhe sin in áit álainn eile i Loch Garman, sé sin Caisleán Bhaile Sheáin. Ba léiriú tábhachtach é aistriú an tseó ó cheann de na foirgnimh ba shine i Loch Garman go dtí ceann de na foirgnimh is nuaí chun léargas a thabhairt ar éagsúlacht sainchomharthaí tíre Loch Garman.



Mainicín ar an stáitse ag an seó faisin Love Fashion, Love Wexford

Sinfonia Loch Garman

Is ceolfhoireann amaitéarach atá lonnaithe i Loch Garman é Sinfonia Loch Garman a dhéanann cur i láthair go rialta i Loch Garman agus ar fud na tíre agus thar lear fiú.

I mí Feabhra 2014 chuir an cheolfhoireann iomlán agus cór na bhfear dhá shaothair i láthair – ‘Peer

Gynt’ le Edvard Grieg agus saothar a bhí coimisiúnaithe go speisialta ag cumadóir agus ag stiúrthóir Loch Garman Liam Bates dar teideal ‘Heroes of the Helen Blake’. Bhí an píosa seo bunaithe ar imeachtaí thart ar tharrtháil gaiscíochta a rinne fir bhád tarrthála Loch Garman ar mhairnéalaigh ón ‘Mexico’ in 1914.

Bhí an cheolchoirm díolta amach agus d’éirigh thar cionn leis. Chuaigh an méid airgid a bailíodh chuig an RNLI.

Taispeántais Ealaíon

Mar gheall ar chomh mór agus atá sé, is áis iontach é an tSráid do thaispeántais ar shaothair ealaíon comhaimseartha ar scála mór.

Tugtar des don phobal oibreacha den scoth a fheiceáil ó bhailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha araon nach bhféadfar a thaispeaint de ghnáth mar gheall ar chomh mór agus atá siad.

Áiríodh ar na taispeántais, saothair ó bhailiúchán na Comhairle, clár Cumas Ealaíon arna rith ag an Rannóg Ealaíon, Ivan Slavinsky, Stephen Brandes agus seó grúpa faoi láthair ó bhailiúchán an IMMA.

Reáchtáladh roinnt imeachtaí eile freisin, lena n-áirítear; seoltaí leabhar, searmanais bronnta pobail, oícheanta eolais agus seó maisiúcháin Nollag déanta as ábhar athchúrsála a rith an Rannóg Comhshaoil i gcomhar le Bunscoileanna agus Iarbunscoileanna.

AIRGEADAS

Tugann an Rannóg Airgeadais seirbhís tacaíochta do na hoibríochtaí sna ranna seirbhíse sa Chomhairle.

Is é misean na Rannóige feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar luach ar airgead seirbhísí an phobail i gContae Loch Garman trí sholáthar seirbhísí airgeadais d'ardchaighdeán a chuidíonn le Cuspóirí Corparáide Údarais Áitiúla Loch Garman.

Bainistítear Iniúchadh Inmheánach, Mótarcháin, Rátaí, Rialú Creidmheasa, Árachas Bainistiú Riosca, Muirir Uisce agus Muirir Áitiúla laistigh den Stiúrtóireacht Airgeadais freisin. Soláthraítear achoimre thíos ar na míreanna agus staidreamh a mba chóir díriú orthu laistigh den Stiúrtóireacht Airgeadais do 2014.

An Rannóg Rátaí

Scéim Dreasachta Rátaí

Ba é 2014 an dara bliain ag an Scéim Dreasachta Rátaí a thug Comhairle Chontae Loch Garman isteach. Soláthraíodh deis do lucht íocaíochta rátaí leas a bhaint as lascaine 6% óna mbillí rátaí bliantúla go dtí uasmhéid de €300. Íocann 75% de lucht íocaíochta rátaí €5,000 nó níos lú i rátaí bliantúla agus mar sin dhírigh an Scéim Dreasachta Rátaí an laghdú sin go príomha ar an earnáil SME.

Bhain beagnach 40% den lucht íocaíochta rátaí leas as an scéim agus moltar go mbeadh an scéim ann arís in 2015.

I ndiaidh chónascadh údarais áitiúla an chontae ó mhí an Mheithimh 2014, comhdhlúthaíodh taifid rátaí na ceithre údarás áitiúil mar a bhí in aon bhunachar sonraí amháin agus cuirtear na staidrimh do na rátaí a bailíodh sa chontae in iomlán do 2014 i láthair sa tábla a leanas:

Rátaí	
2013 Barántas (riaráiste san áireamh)	€27,188,205
Bailiúchán 2013	€16,977,391
% Bailiúcháin	69%
An líon maoine iomchuí	2,579
An líon Nótaí Éilimh a eisíodh	2,172
Luacháil Éifeachtach	€270,130
Iarratais Athbhreithnithe don Oifig Luachála	77



Annette O'Neill Uasal
Ceann Airgeadais & ICT

Tús Feidhme le Forálacha Rátaí san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014

I rith 2014, cuireadh tús feidhme le hAlt 32 (2) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus cuireadh oibleagáid nua ar úinéirí maoine i gContae Loch Garman fógra i scríbhinn a thabhairt don údarás áitiúil d'athrú áititheora laistigh de dhá sheachtain ó dháta aistrithe na maoine. Áirítear leis sin athrú úinéireachta, athrú tionóntachta nó sa chás go bhfágann tionónta an mhaoine. Féadfar pionós airgeadais a ghearradh mura ndéanfar amhlaidh.

Meabhraítear do gach íocóir rátaí go bhfuil sé de dhualgas orthu ó thaobh dlí gach rátaí tráchtála a íoc sula bhfagann siad an mhaoine, sula ndíolfar sin nó sula n-aistrítear an mhaoine. Chun cóipeanna a fháil de na foirmeacha fógartha téigh i dteagmháil leis an Rannóg Rátaí ag (053) 9196381/9196368 nó, faigh foirm iarratais ar líne, ag:

www.tinyurl.com/ratesform

Forbraíodh an uirlis feidhmchláir ar líne seo inti i Rannóg Rátaí Chomhairle Chontae Loch Garman chun cuidiú le húinéirí maoine a ndualgais dlí faoi Acht 2014 a chomhlíonadh agus tá breithniú á dhéanamh go náisiúnta anois an uirlis a leathadh amach ar na húdarais áitiúla eile go léir.

Aonad Muirir Áitiúil - Foireann Forfheidhmithe NPPR

Ní raibh feidhm leis an íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR) in 2014 agus tá an Cháin Mhaoine Áitiúla tagtha ina áit. Ach, lean an tAonad Muirir Áitiúla lena n-iarrachtaí maoine neamhchláraithe a bhí dlite maidir le haon cheann de na blianta ó 2009 go 2013 nó iad go léir a leanúint go gníomhach

Le linn 2014 aithníodh 1,207 maoine NPPR breise agus cinntíodh muirir agus pionóis ar luach iomlán thart ar €2.5m in ioncam faoin gceannnteideal sin.

Ó bunaíodh an Fhoireann Fhorfheidhmithe NPPR in 2013 d'fhoill cur le hiarrachtaí maoin nach raibh ag comhlíonadh a ndualgais maidir leis an muirear sin a aithint, tháinig ardú ar an líon clárúchán de mhaoín NPPR ó 12,883 go 14,699. Tá an t-ioncam a cinntíodh faoin bhfoinse sin ó 2009 leagtha amach sa tábla thíos:

NPPR	Glan-Muirir a Bailíodh
2009	€2,381,820
2010	€2,726,520
2011	€2,551,480
2012	€3,270,360
2013	€3,716,940
2014	€2,507,930
Iomlán:	€17,478,130

An Rannóg Muirir Uisce

Tá Uisce Éireann freagrach as soláthar seirbhísí uisce in Éirinn ón 1 Eanáir 2014 tar éis achtú An Achta um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013.

Fanann an Rannóg Muirir Uisce, atá ag gníomhú mar ghníomhaire d'Uisce Éireann, freagrach as bainistiú bunachar sonraí custaiméirí nach custaiméirí baile iad agus a bhaineann leas as an soláthar uisce poiblí agus as an mbonneagar seirbhísí séarachais, agus as billí agus bailiú na muirir chuí.

Mótarcháin

Coimeádadh ardchaighdeán seirbhísí in Oifig Mótarchánach Loch Garman (MTO) do chustaiméirí le linn 2014 agus próiseáladh 99 faoin gcéad d'iarraíais laistigh de thrí lá.

Laghdaíodh na leibhéil foirne mar thoradh ar aistriú fheidhm na gceadúnas tiomána agus eisiúint deimhnithe ródacmhainneachta, cé go raibh ardú ar ghníomhaíocht sa chlárú Dearbhuithe Easbhóthair Reachtúla (SORDanna), a tugadh isteach in 2013.

B'fhacthas ardú ar úsáid na seirbhíse náisiúnta cánach ar líne ó 50% in 2013 go dtí 58% i ngnó foriomlán Loch Garman in 2014. Sin i gcomparáid le 62% go náisiúnta in 2014.

Seirbhís do Chustaiméirí

Lean Oifig Mótarchánach Loch Garman ag cur raon leathan seirbhísí ar fáil do chustaiméirí, lena n-áirítear seirbhís cuntair agus posta, úinéirí flít agus mearphost do chustaiméirí, oibreoir teileafóin tiomnaithe, ríomhphost agus suíomh idirlín.

An Suíomh Idirlín Mótarchánach

In 2014 nuashonraigh MTO Loch Garman a suíomh idirlín agus a dTreoir Mótarchánach, soláthraíodh freagraí ar go leor de na ceisteanna a bhíonn ag úinéirí feithiclí i ndáil le cánachas, riaráistí, dearbhuithe, etc. in 2014. Is féidir foirmeacha iarratais a íoschoipeáil ón suíomh idirlín freisin.

Treoir maidir le Ciorcláin

Rinneadh gach ciorclán MTO a chatalógú agus a nuashonrú chun treoir tagartha simplí a sholáthar don fhoireann a bhíonn ag déileáil le fiosrúcháin. Is féidir teacht ar na ciorcláin sin anois ar Inlín na Comhairle.

Cartlanna/ Oidhreacht Feithiclí

I ndiaidh digitiú a bheith déanta in 2013 ar sheanchlár uimhreacha cláraithe feithiclí MTO, lean caomhnú oidhreacht feithiclí mórchánach tábhachtach in 2014 agus scrúdú déanta ar bhreis agus 500 bosca de sheanchomhaid mótarchánach. Ní amháin go raibh na foirmeacha cláraithe bunaidh sna seanchomhaid ach bhí na sonraisc bhunaidh iontu do na feithiclí. Tá na comhaid á seiceáil in aghaidh thaifid náisiúnta chun a chinntiú go bhfuiltear cruinn agus ar an tslí seo laghdófar faoi 80% an spás stórála agus na costais stórála a bheidh riachtanach chun iad a chartlannú sa tuaisceart.

An Lá leictreonach

Tháinig an tionscnaimh rialtais seo, chun úsáid seiceanna sa gheilleagar a laghdú, i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2014. Chuir MTO an tionscnamh chun cinn ach glacadh le seiceanna ó ghnólachtaí freisin i ndiaidh maolú náisiúnta chuig MTONna de bharr deacrachtaí laethúla agus iarmhéid stoc a bheadh mar thoradh dá dtabharfaí íocaíochtaí uathoibríoch isteach.

Motor Taxation Statistics

Táscairí Seirbhíse

Mír	2014	2013	2012
Dioscaí Cánach	76,321	86,608	89,171
Ceadúnais Thiomána	0	16,357	20,942
SORD	13,075	8,501	0
Deimhnithe Ródacmhainneachta	475	12,205	13,972
Saincheisteanna stoc iomlána	98,403	137,644	138,508
Gníomhaíocht cuntais seachas gníomhaíocht poist	70% / 30%	62% / 38%	54% / 46%
Cánacha poist 3 lá slánúcháin	99%	96%	97%
Fáltais don bhliain	€19,169,080	€20,403,998	€20,625,927

* Maidir le hidirbhearta ar líne féach thíos

Rátaí Mótarchánach

Níor tháinig aon ardú ar rátaí mótarchánacha in 2014.

Cánachas Ar Líne

In 2014, bhí 93% d'fhlít Loch Garman in ann leas a bhaint as cánachas ar líne. Bhain thart ar 62% de na húinéirí sin leas as an rogha sin

Léiríonn an tábla a leanas an treocht ar chánachas feithiclí ar líne agus MTO:

Bliain	MTO	Ar líne	Iomlán
2012	89,683	80,254	169,937
2013	87,145	87,213	174,358
2014	76,744	105,492	182,236

Leanann MTO Loch Garman ag cur chun cinn chomh áisiúil agus atá an tsaoráid ar líne, www.motortax.ie, agus is féidir le custaiméirí úsáid a bhaint as na seirbhísí ar líne poiblí i mbrainsí leabharlainne an chontae.

Dearbhuithe Easbhóthair Reachtúla (SORDanna)

I ndiaidh feidhm a bheith tugtha do SORD i mí Mheán Fómhair 2013, d'ardaigh an t-ioncam ó €1,109,160 in 2013 go €2,105,619 in 2014 mar go mbíonn mótarcháin agus aon riaráistí dlite ó dháta éaga na tréimhse cánach nó SORD deiridh.

Léiríonn na táscairí seirbhíse náisiúnta arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leibhéal ard éifeachtúlachta ó thaobh iarratais chánach agus ceadúnais a phróiseáil i Loch Garman: próiseáladh 96% de mhótarchánacha a fuarthas in 2014 laistigh de thrí lá.

Ainmniú Clárúchain Feithiclí Contae Nua

I ndiaidh chónascadh Chathracha agus Chontaetha Thiobraid Árann agus Luimnigh chomh maith le Tiobraid Árann Thuaidh agus Theas, b'éigean ainmniúcháin contae nua a thabhairt isteach: W, L agus T faoi seach.

**AN RÁITEAS IONCAIM CHUIMSITHEACH
(RÁITEAS FAOIN GCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS)
DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014**

		Oll- Chaiteachas 2014	Ioncam 2014	Glan- Chaiteachas 2014	Glan- Chaiteachas 2013
Caiteachas de réir Rannáin	Nóta	€	€	€	€
Tithíocht agus Foirgnimh		18,758,430	23,272,917	(4,514,487)	(2,532,041)
Iompar Bóthair agus Sábháilteacht		27,396,414	17,421,318	9,975,096	10,425,031
Seirbhísí Uisce		10,689,392	10,692,910	(3,518)	12,552,794
Bainistiú Forbartha		7,482,275	1,759,879	5,722,396	5,607,421
Seirbhísí Comhshaoil		11,494,153	1,962,428	9,531,725	9,988,515
Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht		6,731,426	578,063	6,153,363	6,487,794
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas		3,259,714	1,956,400	1,303,314	1,408,416
Seirbhísí Ilghnéitheacha		12,302,474	5,369,329	6,933,145	4,347,682
Muirear an Chontae		-	-	-	8,145,091
Ollchaiteachas/Oll-Ioncam	16-17	98,114,278	63,013,244		
Glan-Chostas Rannáin á maoiniú ó Rátaí Contae agus Ciste Rialtais Áitiúil				35,101,034	56,430,703
Ciste Rialtais Áitiúil				11,888,576	19,217,103
Asbhaint a bhaineann le Pinsean				1,658,940	1,784,259
Rátaí Tráchtála				30,574,072	30,534,838
Muirear an Chontae				-	8,145,092
Barrachas (Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe				9,020,554	3,250,589
Aistrithe ó/(chuig) Ioncam	15			(8,626,691)	(4,954,629)
Barrachas / (Easnamh) Foriomlán don Bhliain				393,863	(1,704,039)
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta amhail an 1 Eanáir				(10,267,402)	(8,563,363)
Cúlchiste Ginearálta amhail an 31 Nollaig				(9,873,539)	(10,267,403)

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

	Nótaí	2014	2013
		€	€
Sócmhainní Seasta	1		
Oibríochta		789,882,029	799,063,681
Bonneagair		1,813,712,652	1,988,057,407
Pobal		11,714,089	10,549,716
Neamh-Oibríochta		115,313,615	15,564,929
		2,630,622,385	2,813,235,733
Obair Idir Lámha agus Réamhchostais	2	85,130,055	92,566,879
Féichiúnaithe san Fhadtéarma	3	75,253,054	77,012,901
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	438,173	367,482
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	44,582,937	29,291,541
Infheistíochtaí Bainc		4,849,942	17,902,896
Airgead sa Bhanc		2,159,446	-
Airgead faoi Bhealach		3,135	2,985
Cuntas Uirbeach	7	-	1,039,198
		52,033,633	44,875,694
Dlíteanais Reatha			
Rótharraingt Bainc		-	1,689,859
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6	43,282,498	31,969,171
Finance Leases		343,634	343,634
		43,626,132	34,002,664
Glan-Sócmhainní Reatha / (Dlíteanais)		8,407,501	10,873,030
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná aon bhliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	8	137,619,276	155,584,970
Léasanna Airgeadais		142,166	446,802
Taiscí In-aisíoctha	9	4,806,388	5,029,389
Eile		6,065,208	6,433,889
		148,633,038	167,495,050
Glan-Sócmhainní / (Dlíteanais)		2,650,779,957	2,826,193,493
Ionadaithe ag			
Cuntas Caipitlithe	10	2,630,622,385	2,813,235,733
Ioncam WIP	2	86,018,342	94,246,986
Cúlchiste Ioncaim Sonrach		3,056,073	3,056,073
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		(9,873,539)	(10,267,402)
Iarmhéideanna Eile	11	(59,043,305)	(74,077,898)
Cúlchistí Iomlána		2,650,779,956	2,826,193,492

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Tuairiscíonn an Rannóg ICT (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) chuig Ceann Airgeadais agus táthar freagrach as córais bonneagair ICT agus ríomhairí san eagraíocht a bhainistiú. Áirítear ar bhonneagar ICT na Comhairle líonraí áitiúla agus leathana, naisc cumarsáide le sreang agus gan sreang agus an trealamh líonraithe a bhíonn riachtanach chun cumarsáid gutha agus sonraí a chumasú.

Sa bhreis air sin, bainistíonn an Rannóg ICT agus soláthraítear tacaíocht theicniúil d'fhreastalaithe ríomhairí na Comhairle, Ríomhairí Pearsanta Deasca, ríomhairí glúine, táibléid, príontálaithe, scanóirí na Comhairle etc. chomh maith le raon leathan córais bogearraí agus córais stórála sonraí. Áirítear ar an tacaíocht theicniúil arna soláthar ag foireann na Rannóige ICT saoráid cúnamh deisce IT; anailís agus dearadh córais; nuashonrú córais bogearraí reatha; forbairt bogearraí nua; agus feidhmiú agus lánpháirtiú córais bogearraí a foinsíodh go seachtrach.

Chruthaigh cónascadh na gcomhairlí baile agus contae sa chéad leath de 2014 méid suntasach oibre don Rannóg ICT ó thaobh lánpháirtiú agus comhdhlúthú ar chórais bogearraí agus sraitheanna sonraí ar leithligh. D'éiligh athlonnú foirne agus comhdhlúthú oifige go ndéanfaí athchumrú ar bhonneagar ICT agus ar chórais rialaithe rochtana.

Sholáthair toghadh Comhairle Chontae nua in 2014 an deis teicneolaíocht nua a thabhairt isteach chun bainistiú agus soláthair a dhéanamh ar cháipéisíocht a bhaineann le cruinnithe Comhairle agus eile.

Seirbhísí agus Oibríochtaí Teicniúla

Seo a leanas na tionscadail suntasacha ar thug Aonad Seirbhísí agus Oibríochtaí Teicniúla na Rannóige ICT fúthu i rith 2014:

Windows XP EOL

Mar gheall gur tháinig deireadh le tacaíocht ó Microsoft do chóras oibríochta Windows XP agus sraith bogearraí Microsoft Office 2003 bhí gá le huasghrádú, athsholáthar nó díchoimisíunú ar gach Ríomhaire Pearsanta deasca nó Ríomhaire Glúine ar a raibh an bogearra.

Réiteach Cúltaca Sonraí ón Láthair

Chun éascú le cúltaca sonraí ón láthair, suiteáladh córas stórála ar líne ina raibh cumas mór san fhoirgneamh de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá buailte ar Halla an Chontae. Suiteáladh cábla snáthoptaice faoin talamh idir na foirgnimh roinnt blianta ó shin mar ullmhú dó seo.

Nuashonrú ar Fhreastalaí Malartaithe

D'éiligh córas ríomhphoist intí na Comhairle uasghrádú bogearraí suntasach in 2014. Nuashonraíodh na bogearraí ar an bhfreastalaí ríomhphoist (Microsoft Exchange) freisin chun gnéithe breise feidhme agus slándála a sholáthair.

Nuashonraí ar Nasc Cumarsáide

Nuashonraíodh an nasc cumaráide idir Halla an Chontae, Loch Garman agus Oifig Ceantair Inis Córthaidh, Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Inis Córthaidh chun feabhas a chur ar thréachur agus iontaofacht sonraí.

Teicneolaíocht do Chomhaltaí Tofa

Glacadh le córas bainistithe cáipéisí dar teideal MinutePad lena úsáid ag na comhaltaí comhairle nuathofa chun go mbeadh siad in ann teacht ar cháipéisí cruinnithe i bhfoirm leictreonach roimh chruinnithe, lena linn agus i ndiaidh na gcruinnithe trí fhearais táibléid soghluaiste áisiúla. Chuir an teicneolaíocht nua seo deireadh le hobair agus le costais a bhaineann le príontáil agus scaipeadh líon mór cáipéisí páipéir roimh chruinnithe oifigiúla.



GIS, Forbairt agus Tacaíocht Gréasáin agus Feidhmchláir

Comhairlí Baile agus Contae a Chónascadh

Chomhordaigh an Rannóg ICT lánpháirtíú ar chórais faisnéise agus airgeadais mar thoradh ar chónascadh na gcomhairlí baile agus contae. B'éigean cearta rochtana na foirne ar láithreáin gréasáin agus ar na córais ríomhphoist agus bogearraí a ionchorprú i gcórais ICT lárnach na Comhairle Contae.

Uasghrádú ar Chórais Faisnéise

Uasghrádaíodh raon córas bainistithe faisnéise inmheánaigh agus feabhsaíodh iad i rith na bliana chun gnéithe agus cumais breise a sholáthar. Áiríodh leis sin Inlín na Comhairle a sholáthraíonn saoráid taispeána faisnéise lárnach don fhoireann feadh na heagraíochta go léir.

Feidhmchláir Fearais Soghluaiste


Forbraíodh foirmeacha gabhála agus próiseála sonraí breise trí úsáid a bhaint as an gceat feidhmchláir fearais soghluaiste **GeoPal**.

Éascaíonn na foirmeacha sin eisiúint ceadanna éagsúla agus chun faisnéis a fhaightear le linn cigireachtaí ar threalamh agus ar shaoráidí a ghabháil agus a stóráil.

Saoráid Idirlín/Inlín GIS Nua


Seoladh GIS Inlín agus Idirlín nua in 2014. Baineann an córas nua leas as an ardán ESRI ArcServer chun córas a sholáthar don fhoireann agus don phobal a ionchorpraíonn comhéadan úsáideora iomasach le sonraí léarscála cothrom le dáta ó na rannóga go léir sa Chomhairle. Tacaíonn an córas nua bainistithe lárnaithe le gach sonraí GIS in aon bhunachar sonraí amháin agus baintear úsáid as seirbhísí gréasáin chun sonraí a thógáil ó eagraíochtaí eile mar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Phríomh-Oifig Staidrimh agus go leor eile.

Leathadh an córas amach ar gach duine den fhoireann sa Chomhairle agus soláthraíodh oiliúint do bhreis agus 250 duine den fhoireann. Ina dhiaidh sin, seoladh an córas mar GIS poiblí na Comhairle i mí an Mheithimh 2014.




Inlín augs Láithreán Gréasáin Poiblí na Comhairle

Athforbraíodh Inlín inmheánach na Comhairle chun cur lena úsáid mar uirlis roinnt faisnéise agus taisclann cáipéisí don fhoireann fud fad na heagraíochta. Baintear leas as Open Source CMS (Córas Bainistithe Ábhar) as WordPress agus áirítear leis gné ar a dtugtar 'mega menus' chun gur féidir loingsiú go tapa agus faisnéis chorpáraide a bheith infheicthe an méid agus is féidir sin.



Athraíodh ó bhun láithreán gréasáin na Comhairle chun go bhféadfaí dul tríd níos éasca agus feabhsaíodh an fhaisnéis teagmhála.




Deisiúcháin Freagartha Tithíochta




Roghnaíodh an uirlis Bainistiú Fórsa Saothair Soghluaiste GeoPal chun cuidiú le foireann cothabhála na Rannóige Tithíochta agus le conraitheoirí chun iarratais ar dheisiúcháin a bhí sannaithe dóibh a bhainistiú.

Nuair a théann tionónta nó ionadaí ar a son i dteagmháil le Comhairle Chontae Loch Garman agus iarratas ar dheisiúchán acu, déantar sin a logáil ar an gcóras tithíochta, iHouse. Cuireadh próiseas uathoibríoch in áit chun na hiarratais ar dheisiúcháin sin a chruthú ar GeoPal.

Bíonn an feidhmchlár GeoPal ag conraitheoirí agus ag an bhfoireann cothabhála tithíochta ar a bhfóin agus bíonn ar a gcumas gach aon eolas faoin iarratas ar dheisiúchán a fheiceáil go tráthúil. Faigheann siad fógra trí theachtaireacht téacs freisin.



Cuireadh tús le clár píolótach i mí Feabhra 2014 agus leathadh amach é ar 31 foirne agus conraitheoirí faoi mhí Lúnasa 2014. Le linn 2014, bainistíodh 5,071 iarratas ar dheisiúchán freagartha tríd an gcóras GeoPal.



Briseadh síos ar Dheisiúcháin Freagartha in aghaidh an Cheantair do 2014

Briseadh síos ar Dheisiúcháin Freagartha in aghaidh an Cheantair do 2014

Sábháiltear mionsonraí ar an obair a dhéantar agus dúntar an t-iarratas ar an gcóras GeoPal. Déanann próiseas uathoibríoch nuashonrú ar an gcóras tithíochta ansin leis na mionsonraí sin agus dúntar an t-iarratas ar dheisiúchán ar iHouse.

Ar na buntáistí a cinntíodh leis an tionscadal sin, bíonn iarratais ar dheisiúcháin ar fáil don fhoireann cothabhála/chonraitheoirí ar GeoPal, trí logáil isteach ar an gcóras tithíochta, agus ní bhíonn aon ghá aon idirghabháil láimhe eile a dhéanamh. Cuireann sin ar chumas na foirne freagairt níos tapúla agus freisin obair a phleanáil ar shlí níos éifeachtúlaí.

Nuair a bhíonn an obair dheisiúcháin déanta, cuitear na sonraí ar ais go huathoibríoch sa chóras tithíochta agus ar an tslí sin ní bhíonn aon gá sonraí a chur isteach le lámh, sábháiltear am san oifig, agus cinntítear go mbíonn faisnéis cothrom le dáta ar an gcóras tithíochta sa chás go ndéanfaí aon fhiosrúcháin.

CEANTAR BUIRGE LOCH GARMAN

Na Toghcháin Áitiúla

I ndiaidh na chéad toghcháin áitiúla faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 a reáchtáladh an 23 Bealtaine 2014, toghadh na comhairleoirí seo a leanas ar Cheantar Buirge Loch Garman i gComhairle Chontae Loch Garman:

An Comhairleoir Ger Carthy
An Comhairleoir Anthony Kelly
An Comhairleoir George Lawlor
An Comhairleoir Tony Dempsey
An Comhairleoir Jim Moore
An Comhairleoir Fergie Kehoe
An Comhairleoir Frank Staples
An Comhairleoir Mick Roche
An Comhairleoir David Hynes
An Comhairleoir Deirdre Wadding

Féilte

Chuidigh Comhairle Buirge Loch Garman leis na féilte seo a leanas a bhí ar siúl i mBaile Loch Garman i rith 2014:

- Féile Naomh Pádraig
- Féile Mara Loch Garman
- An Fhéile Ealaíon amuigh faoin Aer
- Féile Bia Loch Garman
- An Oíche Chultúir
- Ceoldráma Fhéile Loch Garman
- Féile Spiegeltent Loch Garman
- Féile Geimhridh Loch Garman
- Lá na mBailte Múrtha



Lá na mBailte Múrtha 2014



Oíche Chultúir - Valda Choir 2014



An Clr. George Lawlor
Méara Loch Garman



An tUasal Tony Larkin
Stiúrthóir Seirbhísí/
Bainisteoir Bhaile Loch Garman

Imeachtaí Cathartha

Searmanas Cuimhneacháin don Chéad Chogadh Domhanda ag Cearnóg Mhic Réamainn

Ar Domhnach Cuimhneacháin 9 Samhain 2014, i ndiaidh Sheirbhís Bhliantúil an Lá Cuimhneacháin i Séipéal Naomh Iberius, leag a Onóir an Méara, an Comhairleoir George Lawlor, bláthfhleasc ag an Séadchomhartha Cuimhneacháin Cogaidh i gCearnóg Mhic Réamainn thar ceann mhuintir Loch Garman. Chuir an Chomhairle tús leis an searmanas seo den chéad uair in 2013, agus is searmanas bliantúil atá ann anois i gcuimhne mhuintir Loch Garman a bhásaigh ar son na saoirse sa Chéad Chogadh Mór, 1914-1918.

Comóradh ar 100 Bliain ón mBille Rialtais Dúchais 1914

Chun comóradh a dhéanamh ar 100 Bliain ó ritheadh an Bille Rialtais Dúchais 1914, reáchtáil an Méara agus an Chomhairle Buirge searmanas cuimhneacháin ag Másailéam John Mhic Réamainn i Reilig Naomh Eoin, Loch Garman, i mí Mheán Fómhair 2014. Le cúnamh ó dheontas i gcabhair ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, tosaíodh ar oibreacha deisiúcháin ar an másailéam i mí Iúil 2014.

Rugadh John Edward Mhic Réamainn i gContae Loch Garman in 1856, polaiteoir náisiúnach Éireannach a bhí ann, abhcóide, MP i dTeach na dTeachtaí i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Éireann agus bhí sé ina cheannaire ar an bPáirtí Éireannach idir 1900 agus 1918. Bhí John Mhic Réamainn lárnach sna cainteanna as ar lean thabhairt isteach an Bhille Rialtais Dúchais in 1914.



Másailéam John Mhic Réamainn i Reilig Naomh Eoin

Athainmniú Timpeallán Séamus Kelly

Mhol a Onóir an Méara, an Comhairleoir George Lawlor gur chóir go n-ainmneofaí an timpeallán ag Bóthar Carcur nua ar imeall an bhaile mar Thimpeallán Shéamus Kelly in onóir Seamus Kelly atá ar shlí na fírinne agus arb é an chéad fhear as Loch Garman é a rinne ionadaíocht ar Éirinn ar fhoireann rugbaí idirnáisiúnta. Tharla an searmanas ainmniúcháin i mí na Bealtaine 2014 i láthair an Mhéara agus Chomhaltaí de Chomhairle Buirge Loch Garman, teachlach agus cairde an fhir spóirt atá ar shlí na fírinne agus ionadaithe ó Chlub Rugbaí Fhánaithe Loch Garman.

Onóir/ Fáilte Sibhialta

D'óstáil Comhairle Buirge Loch Garmn roinnt ócáidithe fáiltithe cathartha agus méara le linn 2014. Léiríodh onóir do na grúpaí agus do na daoine aonair seo a leanas:

- Cumann Ceolfhoireann Éadrom Loch Garman
- Sinn Féin (Ard-Fheis)
- Declan Sinnott, ceoltóir
- Ord Mhálta Loch Garman
- Coinbhinsiún Uile-Éireann Club na Leon
- Ceol do Loch Garman
- Banna Airgid Loch Garman
- Banna Ceoil Druma-agus Fife- Naomh Pádraig
- Holy Family Confraternity Band
- Foirean Peile Sóisear Uile Éireann na mBan
- Oibrithe deonacha Ceolfhoireann Fhéile Loch Garman
- Acadamh Ealaíon Comhraic Loch Garman
- Cumann Ceoil Lána Oyster
- Club Snámha Coueron
- Cónaidhm Taecuando Idirnáisiúnta na hÉireann
- (IITF – na healaíona comhraic)

Nascadh Bailte

I mí na Samhna 2014, d'fháiltigh an Méara agus Comhaltaí Chomhairle Buirge Loch Garman roimh thoscaireacht ón mbaile nasctha Coueron atá suite i nGleann an Loire, san Fhrainc. Tá Loch Garman nasctha le Coueron ó 1983. I mí Iúil 2014, reáchtáil baill ó Chlub Snámha Loch Garman ócáid do bhaill ó Chlub Snámha Coueron mar chuid den chlár malartaithe cultúir bliantúil idir an dá club.

I mí Dheireadh Fómhair, 2014 chuir an Méara agus na Comhaltaí fáilte roimh thoscaireacht ónár mbaile nasctha Lugo san Iodáil faoi stiúir Mhéara nuathofa Lugo, An tUasal Davide Ranalli.

An Scéim Geata

Is tionscnamh nua í an Scéim Geata a thug an Rialtas isteach faoin gclár Bealaí chun na hOibre. Is scéim jabshocrúcháin de chuid na Comhairle Cathach agus na Comhairle Contae é chun deiseanna oibre sa ghearrthéarma a thabhairt do dhaoine a bhíonn dífhostaithe san fhadtéarma agus an cuspóir atá leis an bhearna idir dífhostaíocht agus dul ar ais san fhórsa oibre a laghdú. Faoin tionscnamh seo, is é aidhm an Rialtais an líon daoine atá dífhostaithe san fhadtéarma ar an mbeochlár a laghdú 3,000.

Tá Comhairle Chontae Loch Garman tar éis seasamh amach agus a gcuid a dhéanamh chun go n-éireoidh leis an scéim seo. I mBaile Loch Garman, tá 33 duine ag obair ar bhonn seachtain ag obair /seachtain saor (19.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar an meán) agus maireann an socrúchán 22 mí, ar na cláir seo a leanas:

Glantachán Sráide

Bíonn rannpháirtithe gníomhach ar sheirbhís glantacháin sráide in áit an chriú glantacháin sráide a bhíodh ag an údarás áitiúil agus athlonnadh iad sin chuig réimsí eile oibre. Oibrítear an tseirbhís sin anois ar bhonn seachtaine 7 lá i lár an bhaile agus tá ag éirí thar cionn leis. Tá feabhas thar cuimse tagtha ar chur i láthair an bhaile agus tá aiseolas an-dearfach faighte againn ón bpobal gnó agus ón bpobal go ginearálta.

Chuidigh an scéim go mór le hobair Choiste na mBailte Slachtmhara i Loch Garman agus cheadaigh sin don choiste díriú ar réimsí eile ina ngníomhaíochtaí seachtainiúla. Gan amhras, bhí páirt mhór ag Geata tráth ar éirigh leis an mbaile an Bonn Cré-Umha a bhaint amach arís i gComórtas na mBailte Slachtmhara 2014 agus cinntíodh an cúigiú háit i gcomhar sa tír sna táblaí sraithe Gnó na hÉireann in aghaidh an Bhruscair (IBAL), comórtas náisiúnta, don bhliain 2014

Páiceanna agus Spásanna Oscailte / Cur i láthair an Bhaile

Sannaíodh rannpháirtithe ar an scéim seo don réimse cur i láthair an bhaile agus áiteanna poiblí, agus rinneadh go leor oibre ar gach ceann de na cúig bhóthar isteach go dtí Baile Loch Garman ó thaobh chur i láthair na spásanna glasa, ciumhaiseanna féir, crainn agus fála, ag piocadh bruscair, etc. Is féidir an obair atá déanta a thabhairt faoi deara agus tá go leor aiseolas an-dearfach faighte ar ais ón bpobal.

Táthar ag súil go leathnófar an scéim seo amach chuig bailte eile sa chontae go luath in 2015 agus tá sprioc uimhir de 80 rannpháirtí i gContae Loch Garman.

Bás iar-Mhéara Loch Garman, Thomas F. Carr, Ar Dheis Dé go Raibh a Anam

Bhásaigh iar-Mhéara Loch Garman, Tommy Carr i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus bhí sochraide sibhialta aige faoi stiúir an Mhéara agus Comhaltaí den Chomhairle Buirge. Bhí sé ina chomhalta saoil de Pháirtí an Lucht Oibre agus b'iar-oifigeach de Cheardchumann Iompair agus Ilsaothair na hÉireann é, bhásaigh sé tar éis tinnis ghairid in aois a 86 bliain d'aois.

Chaith Tommy Carr dhá théarma mar Mhéara ar Loch Garman, 2001 agus 2005.

Bás an iar-Innealtóra Buirge, Thomas Fahey, Ar Dheis Dé go raibh a Anam

Bhásaigh an tInnealtóir Buirge a bhí scortha, Thomas Fahey i mí na Nollag 2014. Rugadh é i mBaile Thiobraid Árann, ach d'oibrigh an tUasal Fahey mar Innealtóir le Comhairle Chontae Loch Garman sular ghlac sé post mar Innealtóir Buirge i mBaile Loch Garman, post a bhí aige go dtí gur scor sé.

An tUasal Christopher (Christy) Lynch, Ar Dheis Dé go Raibh a Anam

Iarfhostaí de chuid na Comhairle Buirge, bhásaigh an tUasal Christopher Lynch, nó Christy mar ab fhearr aithne air i measc a chuid gaolta agus cairde, go tobann i mí na Nollag 2014. Bhí an tUasal Lynch fostaithe mar Oibreoir Ginearálta le foireann oibre lasmuigh na Comhairle ar feadh roinnt mhaith blianta. Ba chomhalta gníomhach a bhí ann freisin d'Ord Mhálta Loch Garman.

Ar dheis Dé go raibh a n-anamacha go léir.

Daoine a scoir

Ba mhaith le comhaltaí agus le foireann Chomhairle Buirge Loch Garman gach dea-ghuí a ghuibhe ar Laurence Flood, Michael Lambert agus ar Martin Whelan a scor óna bpoist mar fhoireann oibre lasmuigh na Comhairle le linn 2014.

Guíonn comhaltaí agus an fhoireann gach dea-ghuí ar na hiar-Chomhairleoirí Ted Howlin, Anna Fenlon, Padge Reck, Philomena Roche

agus Paddy Nolan, tar éis dóibh cinneadh a ghlacadh éirí as an tseirbhís phoiblí agus gan rith sna toghcháin áitiúla in 2014, agus ar na hiar-Chomhairleoirí Jim Allen, Joe Ryan agus Danny Forde nár éirigh leo ina gcuid iarrachtaí atofa.

CEANTAR BARDASACH INIS CÓRTHAIDH

Le linn 2014 lean an Chomhairle ag cur feabhais ar chaighdeán saoil na saoránach in Inis Córthaidh, caitheadh os cionn €4.5m feadh raon leathan seirbhísí.

Tithíocht agus Foirgnimh

